

# An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

## Tuarascáil Bhliantúil 2013






# An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
## Tuarascáil Bhliantúil 2013

**Arna cur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta**
**an tUasal Richard Bruton, T.D.**

i gcomhréir le hAlt 27 (3) den
Acht Caidrimh Thionscail, 1990

Iena n-áirítear cuntais iniúchta an Choimisiúin le haghaidh 2012 agus
na cuntais neamhiniúchta le haghaidh 2013



## Giorrúcháin agus Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **ACAS** | An tSeirbhís Chomhairleach, Réitigh agus Idirghabhála |
| **ADR** | Seachréiteach díospóidí |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **AIB** | Bainc-Aontas Éireann |
| **BSL** | Bord Soláthair an Leictreachais |
| **C&V** | Eagraíocht (nó eagraíochtaí) Phobail agus Dheonach |
| **CIDT** | An Binse um Dhíospóidí sa Tionscal Foirgníochta |
| **CIPD** | An Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra |
| **CRO** | Oifigeach Réitigh Cásanna |
| **CSO** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| **CWU** | Ceardchumann na nOibrithe Cumarsáide |
| **DAA** | Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **DB** | Sochar Sainithe (scéim pinsin) |
| **DJEI** | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| **EAT** | An Binse Achomhairc Fostaíochta |
| **ECB** | An Banc Ceannais Eorpach |
| **ECJ** | Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh |
| **ERIR** | Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionscail |
| **ERO** | Ordú Rialaithe Fostaíochta |
| **ERS** | Seirbhís Luath-Réitigh |
| **ESRI** | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| **ETB** | An Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **FÁS** | An Foras Áiseanna Saothair (Údarás Oiliúna agus Fostaíochta na hÉireann) |
| **FBM** | Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide |
| **FDI** | Infheistíocht Dhíreach Eachtrach |
| **FEMPI** | Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail |
| **FMCS** | An tSeirbhís Chónaidhme Idirghabhála agus Comhréitigh |
| **FRS** | Caighdeán (nó Caighdeáin) um Thuairisciú Airgeadais |
| **GPS** | Córas Suite Domhanda |
| **HRA** | Comhaontú Bhóthar Haddington |
| **HSE** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Ibec** | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| **IBOA** | Comhlachas Banc-Oifigeach Éireann |
| **ICT** | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide |
| **ICT** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| **ICTU** | Comhdháil na gCeardchumann |
| **ILO** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair |
| **IMF** | An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta |
| **IMO** | Cumann Leighis na hÉireann |
| **IR** | Caidreamh Tionscail |
| **IR** | Ionstraim Reachtúil |
| **IRN** | Industrial Relations News |
| **IVEA** | An Cumann Gairmoideachais in Éirinn |
| **JIC** | Comhchomhairle nó Comhchomhairlí Tionscail |
| **JLC** | Comhchomhairle nó Comhchomhairlí Saothair |
| **LETB** | Bord Áitiúil Oideachais agus Oiliúna |
| **LRA** | An Ghníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais |
| **LRC** | An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais |
| **NACE** | Aicmiú Staitistiúil ar Ghníomhaíochtaí Geilleagracha sa Chomhphobal Eorpach |
| **NCHD** | Dochtúir Ospidéil nach Lia Comhairleach é nó í |
| **NEES** | An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochta |
| **NEET** | Nach bhfuil i mbun Fostaíochta, Oideachais ná Oiliúna |
| **NERA** | An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta |
| **NIS** | Scéim Náisiúnta Intéirneachta |
| **OPW** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **PMDS** | Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta |
| **PNA** | Comhlachas Altraí Síciatracha |
| **PSA** | Comhaontú Seirbhíse Poiblí |
| **RCS** | Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta |
| **REA** | Comhaontú Fostaíochta Cláraithe |
| **SEAI** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **SIPTU** | An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil |
| **TD** | Teachta Dála |
| **TEEU** | An Ceardchumann Innealtóireachta Teicniúla agus Leictrigh |
| **VEC** | Coiste Gairmoideachais |
| **WRC** | An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre |
| **WTO** | An Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Misean agus feidhmeanna an Choimisiúin | 2 |
| Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin | 4 |
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 6 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 8 |
| **Caibidil a hAon** | **10** |
| Mórfhorbairtí in 2013 | 10 |
| **Caibidil a Dó** | **18** |
| Toradh na Seirbhísí in 2013 | 18 |
| Rannóg na Seirbhísí Comhairleacha 2013 | 20 |
| An tSeirbhís Idir-Réitigh | 22 |
| Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta | 28 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 32 |
| **Caibidil a Trí** | **36** |
| Ráitis Airgeadais | 36 |
| Cuntais Iniúchta 2012 | 37 |
| Cuntais Neamh-iniúchta 2013 | 50 |



## Misean

" Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt agus feabhsú bheartais, nósanna imeachta agus chleachtais na hÉireann um chaidreamh tionscail, trí sheirbhísí atá cuí, tráthúil agus éifeachtach a sholáthar d'fhostóirí, do cheardchumainn agus d'fhostaithe."



## Feidhm

Comhlíonann an Coimisiún an misean sin trí na seirbhísí sonracha seo a leanas a sholáthar:

- Seirbhís Idir-Réitigh Caidrimh Thionscail
- Seirbhís Chomhairleach Caidrimh Thionscail
- Seirbhís Idirghabhála san Áit Oibre
- Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta
- cúnamh do na Comhchoistí Oibreachais agus na Comhchomhairlí Tionsclaíocha i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna

Tugann an Coimisiún faoi ghníomhaíochtaí eile de chineál forbartha a bhaineann le feabhas a chur ar chleachtais chaidrimh thionscail, lena n-áirítear:

- athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse an chaidrimh thionscail
- cóid chleachtais a bhaineann le caidreamh tionscail a ullmhú, i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Sóisialta
- taighde agus foilseacháin chaidrimh thionscail
- seimineáir agus comhdhálacha faoi chaidreamh tionscail agus faoi shaincheisteanna bainistíochta acmhainní daonna a eagrú

# Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin



**Bord agus Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais 2013**

Ina seasamh ó chlé go deas:

- **Iarla Duffy*** ceaptha ar an mBord ag an Aire, Comhalta den Choiste Iniúchóireachta
- **Peter McLoone** ceaptha ag Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)
- **Gerard Barry*** ceaptha ar an mBord ag an Aire, Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta
- **John Hennessy** ceaptha ar an mBord ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)

Ina suí ó chlé go deas:

- **Brendan McGinty** ceaptha ar an mBord ag IBEC
- **Kieran Mulvey** Príomhfheidhmeannach, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
- **Breege O'Donoghue**, ceaptha ar an mBord ag an Rialtas, Cathaoirleach
- **Fergus Whelan** ceaptha ar an mBord ag ICTU

**Tháinig deireadh lena théarma mar Chomhalta Boird ar an 7 Iúil, 2013*

Ba mhaith leis an gCoimisiún an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le hIarla Duffy agus Gerard Barry as ucht a bhfuil déanta acu agus na seirbhíse a thug siad i leith oibre an Choimisiúin le linn a dtéarmaí oifige.



## Cruinnithe an Bhoird/Cruinnithe na Foirne Ardbhainistíochta

Rinne an tAire an Bord reatha a athcheapadh mar leanas (Breege O'Donoghue, Brendan McGinty, John Hennessy, Peter McLoone agus Fergus Whelan) ar feadh tréimhse suas go dtí bliain amháin le héifeacht ón 7 Iúil 2013, nó go dtí dí-bhunú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, cibé acu is túisce. D'imigh téarma oifige an Bhoird in éag ar an 7 Iúil 2014.

Tionóladh cruinnithe den Bhord 10 n-uaire in 2013 chun straitéis, buiséad, gníomhaíochtaí oibriúcháin agus plean gnó an Choimisiúin a phlé agus chun cinntí a dhéanamh i dtaobh réimsí áirithe beartais agus rialachais chorparáidigh an Choimisiúin. Tagann an Fhoireann Ardbhainistíochta, ar a bhfuil an Príomhfheidhmeannach agus na Cinn Rannóga, le chéile ar bhonn rialta idir cruinnithe an Bhoird.

Is iad seo a leanas comhaltaí Fhoireann Ardbhainistíochta an Choimisiúin:

- **An tUasal Kieran Mulvey** (Príomhfheidhmeannach),
- **Freda Nolan, Uasal** (Stiúrthóir na Rannóige um Sheirbhísí Comhairleacha, Straitéiseacha agus Corparáideacha, Ceann Gníomhach Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta agus Rúnaí an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta).
- **An tUasal Kevin Foley** (Stiúrthóir Rannóg na Seirbhísí Idir-Réitigh) agus
- **Anna Perry, Uasal** (Leas-Stiúrthóir, Rannóg na Seirbhísí Idir-Réitigh).

## Cruinnithe an Bhoird in 2013

- an 25 Eanáir, 2013
- an 21 Feabhra, 2013
- an 28 Márta, 2013
- an 2 Bealtaine, 2013
- an 27 Meitheamh, 2013
- an 29 Iúil, 2013
- an 20 Meán Fómhair, 2013
- an 25 Deireadh Fómhair, 2013
- an 21 Samhain, 2013
- an 13 Nollaig, 2013

# Tuarascáil an Chathaoirligh



Bhí Bord an Choimisiúin ag gabháil go príomha i rith 2013 d'athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí maidir leis an gCoimisiún nua um Chaidreamh san Áit Oibre atá beartaithe.

Rinne an Bord uiríll shonracha leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUasal Richard Bruton T.D. maidir le gnéithe sonracha den dréacht-reachtaíocht atá beartaithe. Bhain na tuairimí sin go háirithe leis na gnéithe seo a leanas:

- Neamhspleáchas reachtúil an Choimisiúin nua um Chaidreamh san Áit Oibre seachas é a bheith ina "Oifig de chuid na Roinne". Bheadh an neamhspleáchas sin i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, go háirithe i ndlínsí ina labhraítear Béarla (Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Bhreatain Mhór, Ceanada, an Afraic Theas, Tuaisceart Éireann, agus an Astráil) a bhfuil taithí caidrimh thionscail acu atá mórán mar an gcéanna. Tá ról an Choimisiúin agus a neamhspleáchas, idir neamhspleáchas iarbhír agus neamhspleáchas braite, ina mbunghnéithe maidir lena inghlacthacht.

- Neamhspleáchas airgeadais agus coinneáil na bhfeidhmeanna um maoirseacht airgeadais agus Oifigeach Cuntasaíochta mar a bhí san am atá caite faoi Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ní dhearnadh aon trácht diúltach riamh ar Chuntais an Choimisiúin ná a chuid nósanna imeachta airgeadais. Cinntítear leis an mbuiséad neamhspleách sin solúbthacht agus roghanna straitéiseacha i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn sé.

- Bord lena n-áirítear ionadaíocht chuí ar Chomhpháirtithe Sóisialta agus a chuireann le saineolas, eolas, ionadaíocht agus taithí araon, agus

- A chinntiú go léireoidh ceapacháin chuig an tSeirbhís nua um Oifigeach Breithnithe taithí bainistíochta acmhainní daonna agus taithí ionadaíochta ceardchumann san am atá caite, mar is léir ón rath atá ar Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta.

Thar ceann Bhord an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire as an deis tuairimí sin an Bhoird a chur in iúl dó ag cruinniú leis i mí Aibreáin 2014.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar a chuid ceanglas iomchuí rialachais chorparáidigh i rith na bliana agus tá siadsan agus doiciméid bhainteacha faofa agus ainm curtha leo i gcomhréir lenár n-oibleagáidí reachtúla agus lenár n-oibleagáidí rialachais chorparáidigh. Déanfar athbhreithniú deiridh ar ár gcuid riachtanas corparáideach nuair a dhéanfar díscaoileadh dlíthiúil ar an gCoimisiún nuair a bheidh an reachtaíocht atá beartaithe achtaithe ag an Oireachtas níos déanaí in 2014.

Is mian leis an mBord go háirithe aitheantas a thabhairt do ról na nOifigeach Coimisiúin faoi cheannaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh, Kieran Mulvey, maidir leis an dara comhaontú mór seirbhíse poiblí – ar a dtugtar "Comhaontú Bhóthar Haddington" – a thabhairt chun críche go rathúil. Bhí an Comhaontú sin ina thoradh ar thionscnamh an Choimisiúin – agus rinneadh macasamhlú leis ar idirghabháil an Choimisiúin in 2010 – inar aithin an Rialtas, fostóirí na seirbhíse poiblí agus ceardchumainn na seirbhíse poiblí an ról neamhspleách, gairmiúil atá ag oifigigh an Choimisiúin agus inar ghlac siad leis an ról sin agus bróicéireacht á déanamh ar shocraíocht chomhchoiteann tráth a raibh cúrsaí geilleagracha go dona.

Tá cion thar na bearta déanta ag an dá Chomhaontú Seirbhíse Poiblí maidir le cobhsaíocht a bhaint amach san airgeadas poiblí agus síocháin thionsclaíoch a chinntiú inár gcuid seirbhísí poiblí i dtréimhse ina bhfuil dúshláin mhóra le sárú.

Is mian liom mo bhuíochas ar leith a chur in iúl do mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtacaíocht agus a dtiomantas i leith oibre an Choimisiúin, agus as an gcion atá déanta acu, a gcuid anailíse agus a gcomhairle luachmhar ar na saincheisteanna oibriúcháin agus straitéiseacha a pléadh ag gach cruinniú den Bhord.

Is mian liom ómós ar leith a léiriú ar Gerard Barry agus Iarla Duffy, a ndeachaigh a dtréimhse oifige in éag ag deireadh na bliana 2013. Le sé bliana anuas, is mór an méid atá déanta ag an mbeirt acu ar son Phleananna Straitéise agus Gnó an Choimisiúin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Joan Carmichael as a cuid oibre gan staonadh le blianta fada mar Choimisinéir um Chearta agus guím gach rath uirthi sa saol atá roimpi agus í ar scor.

Is mian liom freisin taifead a dhéanamh ar bhuíochas an Bhoird as ucht na hoibre leanúnaí, tiomanta a dhéanann foireann an Choimisiúin, an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí Seirbhísí, agus ar an gcomaoin faoina bhfuilimid don Aire agus d'Ard-Rúnaí na Roinne as a dtacaíocht don Choimisiún agus don ghníomhaíocht ríthábhachtach a dhéanann sé thar ceann an Stáit, shaoránaigh an Stáit, agus na gComhpháirtithe Sóisialta.



**Breege O'Donoghue**
Cathaoirleach
Meitheamh 2014

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 2013



Mar thír agus mar shaoránaigh an Stáit, tá curtha suas againn anois le sé bliana den déine.

Tá athruithe suntasacha tagtha ar chomhdhéanamh lucht oibre na hÉireann sa tréimhse sin – ó gheall le staid lánfhostaíochta go dtí leibhéal dífhostaíochta uasta 15.1% in 2012, go dtí dífhostaíocht níos ísle 11.7% anois, céatadán arb ionann é agus 390,000 duine. Ag an am céanna, cuireadh laghduithe i bhfeidhm ar phá agus phinsin seirbhíseach poiblí, agus bhí éifeachtaí den sórt céanna i gceist i gcás fostaithe san earnáil phríobháideach. Ag dul leis sin, tá an t-ualach méadaithe cánachais a eascraíonn ó chánacha atá bunaithe ar fhostaíocht, costais sláinte agus iompair atá ag dul i méid, deacrachtaí maidir le morgáistí a aisíoc agus an cháin réadmhaoine agus an táille uisce nua.

I mÍ na Nollag, chuir an Troika an Aontais Eorpaigh, an Bhanc Cheannais Eorpaigh agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta i gcrích an cúram a bhí air, cé go bhfuil "ról monatóireachta" aige fós maidir le geilleagar agus bearta buiséadacha na hÉireann.

Bhí sé ina thimpeallacht shóisialta agus gheilleagrach ina raibh dúshláin le sárú ag teaghlaigh, ag na daoine fostaithe agus ag na daoine dífhostaithe, agus is amhlaidh atá fós. Táthar ag súil nach in aisce a bhí méid agus leibhéal na híobartha náisiúnta, nach sealadach iad na táscairí téarnaimh atá ag teacht chun cinn, agus nach ndéanfar arís na botúin a rinneadh san am atá caite a d'fhág gur beag nár thit an geilleagar as a chéile.

Is eol don Choimisiún, óna ionad caothúil, éifeacht na mbeart thuasluaite ó lá go lá agus a dtionchar orthu siúd atá fostaithe san earnáil phríobháideach agus a gcomhghleacaithe san earnáil phoiblí araon. Tá gach ceann de na saincheisteanna thuas lárnach maidir leis na dálaí atá ina mbonn ag éilimh, agus maidir le réitigh agus socraíochtaí féideartha.

I gcás go leor fostóirí, tá an brú leanúnach chun fanacht i mbun gnó ina dhúshlán laethúil sa gheilleagar intíre agus sa trádáil idirnáisiúnta araon. I gcás go leor fostaithe, bíonn slándáil fostaíochta agus caighdeán réasúnta maireachtála a chothabháil ina gcúiseanna imní.

Le 12 mhí anuas, bhí ról lárnach ag an gCoimisiún san idirbheartaíocht as ar eascair Comhaontú Bhóthar Haddington, ar ghlac gach ceardchumann bainteach de chuid na hearnála poiblí leis trí bhallóidí faoi seach a gcomhbhallraíochta.

Éacht nach beag is ea é do chothabháil na cómhargála deonaí san Earnáil Phoiblí i dtréimhse géarchéime geilleagraí agus, go háirithe, i bhfianaise an chruatain a imríodh ar fhostaithe san earnáil sin. Ba é an rogha eile ná forchur reachtach.

Níor cheart gannmheas a dhéanamh ar an méid a rinne an Comhaontú sin, agus an ceann a tháinig roimhe – Comhaontú Pháirc an Chrócaigh in 2010 – agus an difríocht atá déanta acu maidir le hathchóiriú ár n-airgeadas poiblí agus an laghdú ar ár gcostais iasachta seachtraí. Fíric thábhachtach, ábhartha is ea é sin, nach n-admhaíonn roinnt tráchtairí seachtracha agus tráchtairí meán uaireanta, nó a ndéanann siad neamhaird di ina gcuid tráchtaireachtaí ar an ngéarchéim. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá trácht dearfach déanta i staidéir chomparáideacha idirnáisiúnta ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO) agus ón Aontas Eorpach (AE) maidir leis an tslí ina gcloímid le síocháin thionsclaíoch agus lenár gcumas chun comhaontuithe nua cómhargála a bhaint amach trí chomhthoil.

Tá an lucht oibre sa tseirbhís phoiblí laghdaithe faoi 32,000 tráth nach raibh ár ndaonra riamh ní ba mhó, tráth a bhfuil méadú easpónantúil ag teacht ar an éileamh ar sheirbhísí poiblí, agus tráth a bhfuil an t-airgeadas poiblí ag laghdú.

San earnáil phríobháideach, i gcodarsnacht leis sin, tá an fhostaíocht ag méadú, le níos mó ná 50,000 post nua cruthaithe in 2013. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin an méadú ar líon na bhfiontar a théann i mbun idirbheartaíochta leis na ceardchumainn faoi seach ar arduithe measartha pá idir 2% agus 4%. Tá comhaontaithe den sórt sin déanta ag ceardchumainn amhail SIPTU, Mandate, TEEU agus CWU in 2013 agus tá tuilleadh idirbheartaíochta ar bun go fóill maidir le méaduithe a chlúdóidh 2015–16. Tá an ghnáthmheascán de mhéaduithe pá agus athruithe ar tháirgiúlacht sna Comhaontuithe sin.

Tá sé á thabhairt faoi deara freisin ag forais fostóirí ar nós Ibec go bhfuil súil ag tromlach na bhfostóirí le harduithe pá a dheonú / a chaibidliú in 2014 agus ina

dhiaidh, agus tá méadú níos mó ar leibhéil pá san uair taifeadta ag an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).

Tá an ráta Pá Íosta Náisiúnta coinnithe ag €8.65 in aghaidh na huaire. Is é an taobh diúltach den scéal seo san earnáil phríobháideach, scéal atá ag dul i bhfeabhas murach é, ná an méadú atá ag teacht ar líon na gcásanna ina dtarlaíonn mainneachtain phinsin, dúnadh pinsin nó laghdú ar shochair inphinsin. San iomlán, tháinig 60 cás chun cinn in 2013 sa tSeirbhís Idir-Réitigh de chuid an Choimisiúin ina raibh coigeartuithe ar an scéim pinsin ina ngné nó ina gcuid den idirbheartaíocht maidir le hathstruchtúrú. Tá an treocht sin ag leanúint ar aghaidh in 2014 agus tá roinnt fiontar mór náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag feidhmiú sa Stát ag cur léi.

Tá am, eagrú agus iarracht nach beag curtha ar fáil ag Oifigigh agus foireann an Choimisiúin i leith an ullmhúcháin don Choimisiún nua um Chaidreamh san Áit Oibre atá ar an sceideal i gcomhair cur i bhfeidhm reachtaíochta agus oibriúcháin sa chuid deiridh de 2014. Beidh sé sin ar an athrú is mó in athchóiriú institiúideach chaidreamh tionscal na hÉireann ó Achtanna Caidrimh Thionscail na mblianta 1946, 1969, 1977, agus 1990. Beidh sceideal iomlán de choigeartuithe dlí fostaíochta ag gabháil leis chomh maith.

Ag croílár na n-athchóirithe sin tá an clár reachtach atá dírithe ar fheidhmeanna breithnithe an dlí fostaíochta céadchéime a athrú, is é sin, feidhmeanna Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta, an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus an Bhinse Comhionannais a chomhtháthú ina Seirbhís um Oifigeach Breithnithe aonair agus na leasuithe bainteacha, riachtanacha ar na forálacha dlí fostaíochta atá ann cheana féin.


Tá sé riachtanach gurb amhlaidh, sa ghluaiseacht chun athchóiriú a dhéanamh ar na seirbhísí sin agus iad a chur ar bhonn níos cairdiúla don úsáideoir, go gcoinneoidh na comhpháirteanna ríthábhachtacha dár Seirbhísí Díospóide Comhchoiteanna agus Coisctheacha, .i. na Seirbhísí Comhairleacha agus Idir-Réitigh agus Idirghabháil san Áit Oibre, an ról feiceálach, riachtanach atá acu sa réiteach díospóide, ar a mbíonn fostóirí agus ceardchumainn ag brath.
Ag deireadh an lae, is éard atá ón bpobal, ó cheardchumainn agus ó fhostóirí ná seirbhísí um chosc díospóidí a bheith ar fáil go héasca ar nithe a mbaineann leas comhchoiteann leo, go háirithe nuair a bhíonn díospóidí á mbagairt i seirbhísí agus fiontair riachtanacha shóisialta agus gheilleagracha.

Tá an tsíocháin thionsclaíoch ina comhpháirt ríthábhachtach dár dtéarnamh geilleagrach agus bhí sí ina gné rathúil dár gcaidreamh fostaíochta san áit oibre le fiche bliain anuas. I bhfianaise atá ag teacht chun cinn, tugtar le tuiscint go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar na seirbhísí ríthábhachtacha sin de réir mar a bheimid ag dul i dtreo téarnamh geilleagrach, agus de réir mar a bheidh ról níos lárnaí ag praghsanna agus ioncaim sa téarnamh sin.

Tá ár dtéarnamh geilleagrach agus sóisialta náisiúnta ag brath ar fheabhsuithe i ngeilleagair na hEorpa, i ngeilleagair Limistéar an Euro agus sa gheilleagar idirnáisiúnta. Mar sin féin, tá sé riachtanach nach dtiocfaimid salach ar ár spriocanna féin sa tréimhse téarnaimh leochailigh seo agus go ndíreofar iarracht níos mó ar ár ngeilleagar intíre agus ár ngnólachtaí a fhorbairt.

I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach, tá a fhios agam nach mbíonn rath ar aon eagraíocht murach tiomantas agus díograis a foirne. Is mór agam an méid a dhéanann mo chomhghleacaithe, sna seirbhísí riaracháin agus ar an túslíne araon, ina gcuid iarrachtaí comhchoiteanna mar fhoireann an Choimisiúin.

Glacaim mo bhuíochas freisin le Bord a thug an-tacaíocht dom agus a bhfuil an-taithí aige, agus lena Chathaoirleach, Breege O'Donoghue, a n-oibrímid in éineacht leo, mar Choimisiún, ar mhaithe leo siúd a bhfuil gá acu lenár seirbhísí agus ar mhaithe le leas an phobail.



**Kieran Mulvey**
Príomhfheidhmeannach
Meitheamh 2014

# Caibidil a hAon

# Mórfhorbairtí in 2013



## ÉIRE: ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL 2013

### Réamhrá

I mí na Samhna, chinn an Rialtas scoir de "chlár tarrthála" trí bliana an Aontais Eorpaigh, an Bhanc Cheannais Eorpaigh agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (AE-ECB-IMF). Ghlac comhpháirtithe Eorpacha na hÉireann leis an gcinneadh, a rinneadh gan iarraidh ar líne chreidmheasa réamhchúraim, agus chuir siad fáilte roimhe. Mar gheall ar an tábhacht a bhain leis an mbeart sin i dtaca leis an dualgas díreach freagrachta a chuir sé ar an Stát, bhí impleachtaí leathana ag an gcinneadh maidir le gach saoránach in Éirinn, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta.

Ó thaobh caidreamh tionscail, chuir an Rialtas agus ceardchumainn na seirbhíse poiblí i gcrích comhaontú seirbhíse poiblí déphháirteach náisiúnta nua ar laghduithe pá, uaireanta oibre agus bainistíocht athraithe, ar a dtugtar "Comhaontú Bóthar Haddington", rud arbh beart ríthábhachtach é. Clúdaíodh 289,000 seirbhíseach poiblí faoi, agus baineadh amach é le cúnamh díreach ó fhoireann ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais faoina Phríomhfheidhmeannach, Kieran Mulvey.

Idir an dá linn, tháinig laghdú ar an dífhostaíocht le linn 2013, ó 13.9% go dtí 12.1%, rud a spreag dóchas go raibh Éire ag teacht slán de réir a chéile as an ngéarchéim shocheacnamaíoch dhomhain a thosaigh in 2008.

### Comhaontú Bhóthar Haddington

Thóg Comhaontú Bhóthar Haddington (HRA) ionad Chomhaontú “Pháirc an Chrócaigh” a bhí i bhfeidhm ó 2010, rud lenar cinntíodh go mbeadh reo pá seirbhíse poiblí a thosaigh ar dtús in 2009 i bhfeidhm go dtí Iúil 2016 ar a luaithe. I Márta/Aibreán 2013, dhiúltaigh tromlach na gceardchumann lena gcomhdhéantar coiste seirbhísí poiblí ICTU go cinntitheach do shraith tosaigh tograí (ar a dtugtar comhaontú “Pháirc an Chrócaigh a Dó”). Mar sin féin, rinne Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, Kieran Mulvey, maoirsiú láithreach ar idirbheartaíocht atosaithe, a raibh comhaontú ar bhonn na gceardchumann aonair ar an HRA ina thoradh air.

Áirítear sa chomhaontú sin laghduithe pá grádaithe agus tiomantas leathan i leith athrú. Bhí sé bunaithe ar chomhaontuithe éagsúla do gach earnáil laistigh den tseirbhís phoiblí, cé go raibh creat uileghabhálach i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta.

Tá bearta lárnacha sa HRA a bhaineann le gach duine, amhail: reo pá go dtí deireadh 2016; sraith shrathach de laghduithe pá os cionn tairseacha áirithe, lena n-áirítear tráthchlár sonrach le haghaidh go leor de na laghduithe pá a fhreaschur, uaireanta oibre neamhíoctha breise; socruithe nua ó thaobh ragoibre; agus tiomantas ginearálta i leith athrú. Leantar ar aghaidh faoi freisin leis an tiomantas “gan iomarcaíocht éigeantach ar bith” atá i gComhaontú Pháirc an Chrócaigh agus leis na gealltanais chéanna maidir le hath-imlonnú.

Tá rannáin ar leith sa HRA ina ndéileáiltear le hearnálacha tábhachtacha, amhail oideachas, sláinte, an státseirbhís, an tseirbhís phríosúin, na fórsaí cosanta, agus araile. Bhí tús feidhme aige i gcás na gceardchumann ar fad a shínigh é ón dáta ar chláraigh siad an comhaontú leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais.

Sa tréimhse roimh an gcomhaontú maidir leis an HRA, chuir an Rialtas comhairle ar gach ceardchumann seirbhíse poiblí ar bhonn aonair gurb amhlaidh, dá mba rud é go ndiúltódh aon cheann acu don chomhaontú beartaithe, go mbeadh comhaltaí an cheardchumainn sin faoi réir na reachtaíochta arbh ann di cheana san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI). Mar thoradh air sin, dhéanfaí laghduithe pá agus athruithe éigeantacha a fhorchur go díreach orthu, cuid acu níos déine ná iad siúd a bhí sna tograí. Sa deireadh, shínigh gach ceann de na ceardchumainn bhainteacha an HRA i mballóid a rinne gach ceardchumann.

Tá dearcadh ann i leith gheilleagar na hÉireann tar éis 2008 gur geilleagar é atá i ngéarchéim, seasamh a bhfuil gá leis ionas gur féidir le rialtas bearta a fhorchur faoin Acht FEMPI. Mar sin féin, ós rud é go raibh an HRA comhaontaithe agus cláraithe, bhí toradh a ndearnadh cómhargáil ina leith ina thoradh do gach comharchumann, seachas toradh a forchuireadh.

Comhaontaíodh chomh maith go ndéanfadh comhlacht maoirseachta caidrimh thionscail, faoi chathaoirleacht Stiúrthóir Idir-Réitigh an LRC, Kevin Foley, scrúdú ar aon díospóidí a thiocfadh chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe. Déantar díospóidí den sórt sin a réiteach trí leas a bhaint as meicníocht cheangailteach arna comhaontú ar bhonn deonach, trí mholadh de chuid an LRC nó na Cúirte Oibreachais, mar shampla, nó trí mholtóir tríú páirtí comhaontaithe.

### Na comhpháirtithe sóisialta: aistrithe straitéiseacha

Lean Comhrialtas Fhine Gael agus an Lucht Oibre lena bheartas i ndáil le “comhphlé sóisialta”, bunaithe ar chaidreamh déph//áirteach, seachas caidreamh trípháirteach, idir na comhpháirtithe sóisialta. Fágann sé sin go bhfuil teagmhálacha déthaobhacha idir an Rialtas, agus na ranna rialtais, agus príomhfhorais na gcomhpháirtithe sóisialta, tagtha in ionad gach socrú trípháirteach “comhpháirtíochta sóisialta” roimhe seo.

Ghlac gach comharchumann cleamhnaithe le tograí chun tús a chur le struchtúr nua um cheardchumann cónaidhme ag comhdháil dhébhliantúil Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i mí Iúil, agus d'athraigh Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec) a ainm go Ibec, d'fhonn léiriú a dhéanamh ar shamhail gnó nua a ghlac an eagraíocht.

Ní féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an tionscadal um cheardchumann cónaidhme de chuid an ICTU go dtí go dtionólfaidh an Chomhdháil comhdháil speisialta um “athrú rialach”, a bhfuiltear ag súil a bheidh ar bun in 2014. Má fhaigheann an tionscadal faomhadh foirmiúil, is é an sprioc a cheadú do níos mó ná 40 ceardchumainn atá ann cheana a roinnt ina 6 ghrúpa nó 7 ngrúpa ar leith, bunaithe ar leasanna comhroinnte, ar chineál oibrí, ar earnáil agus ar mhéid. Ceapann daoine a thacaíonn leis an tionscadal go dtógfadh sé ar a laghad cúig bliana é a chur i gcrích; deir daoine a bhfuil amhras orthu faoi go dtógfaidh sé níos faide agus go bhfhéadfadh saincheisteanna “áitiúla” cur isteach air.

San idirlinn, chuimsigh athbhrandáil Ibec an t-athrú ba shuntasaí ar threo straitéiseach na heagraíochta ó bunaíodh Ibec as an gcumasc idir Cónaidhm Fhostóirí na hÉireann (FIE) agus Cónaidhm Thionscail Éireann (CII) fiche bliain ó shin. Pleanáladh “samhail phraghsála nua” bunaithe “ar thairiscintí comhaltachta agus ar shochair sheirbhíse”. Choinneodh Ibec a stádas foirmiúil mar cheardchumann, áfach. Dúirt an tArd-Stiúrthóir, Danny McCoy, gur éist an eagraíocht le comhaltaí agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile agus, sa deireadh thiar, go gcaithfidís "breathnú, gníomhú agus seachadadh ar shlí níos cosúla libhse, na gnólachtaí a ndéanaimid ionadaíocht orthu".

### Gníomhaíocht Thionsclaíoch

Tháinig méadú an-bheag ar an leibhéal gníomhaíochta stailceanna tríd is tríd in 2013 i gcomparáid le minicíocht na gníomhaíochta tionsclaíche a taifeadadh in 2012, agus tharla stailceanna lae amháin i raon leathan eagraíochtaí.

De bharr na stailceanna ag Bus Éireann agus ag Bus Átha Cliath mar gheall ar athruithe a bhí beartaithe ar íocaíochtaí préimhe agus ar chleachtais oibre, díríodh aird ar leanúint ar aghaidh na mórfhadhbanna um shrianadh costais agus na gcaillteanas in earnáil an iompair phoiblí faoi úinéireacht an Stáit. Cé go raibh an dá stailc bhus in 2013, a raibh gá le hionchur ón LRC i gcás an dá cheann, ina gcúis le dhá thrian de na laethanta ar fad a cailleadh de bharr gníomhaíochta tionsclaíche, léiríonn figiúirí bliantúla ón CSO treocht nua um chorraíl thionsclaíoch atá ag dul i méid.

Ba iad na stailceanna suntasacha eile in 2013, i dtéarmaí laethanta a cailleadh, ná stailc lucht ospidéil nach lianna comhairleacha iad agus stailc dochtúirí sóisearacha faoi uaireanta oibre, agus stailc aon lae ag Marks and Spencer, de bharr dhúnadh na scéime pinsin le sochar sainithe agus saincheisteanna eile ar théarmaí agus coinníollacha na foirne. Bhí 12 stailc san iomlán ar siúl in 2013, ina raibh 11,924 oibrí páirteach. Bhí an stailc leanúnach b'fhaide ag Wallis (cuid den Ghrúpa Arcadia), áit a ndeachaigh 11 oibrí a bhí á ndéanamh iomarcach ar stailc ar feadh 31 lá, mar gheall ar théarmaí téarfa.

Áiríodh leis na stailceanna eile stad oibre aon lae ag Liebherr mar gheall ar ardú pá díospóidithe, agus deich lá de ghníomhaíocht thionsclaíoch a rinne 13 oibrí ag Bord na Móna de bharr atheagrú na gcleachtas oibre.

B'ionann líon iomlán na laethanta a cailleadh in 2013 agus 14,965, méadú ar an 8,486 lá a cailleadh in 2012, agus méadú ar an líon is ísle ar taifead, 3,695 lá caillte in 2011.

Tháinig laghdú mór ar leibhéal agus réim na gníomhaíochta tionsclaíochta comhchoitinne ar scála mór le blianta beaga anuas, ach tá líon na ndíospóidí arna gcur faoi bhráid na gcomhlachtaí réitithe díospóide éagsúla de chuid an Stáit ag dul i méid i gcónaí, rud ar léiriú é ar an bhfíric nach bhfuil an easaontacht ag an obair imithe – ach gurb amhlaidh go bhfuil sí níos comhghafa ag institiúidí agus nósanna imeachta, chomh maith le bheith ar bhonn níos aonaire.

### Forbairtí ó thaobh pinsean

Ag deireadh na bliana 2013, mhol Príomhfheidhmeannach, agus freagra á thabhairt aige ar imní maidir le líon na ndíospóidí pinsean a bheith ag dul i méid, "cruinniú mullaigh pinsean náisiúnta" in 2014. Threisigh na fadhbanna le haghaidh scéimeanna pinsean go ginearálta i gcomhthéacs na bhfadhbanna geilleagracha ní ba leithne. Nuair a cuireadh rialacha cuntasaíochta nua san áireamh leis sin, mar aon leis an bhfonn a bhí ar a lán gnólachtaí athrú ó scéimeanna le sochar sainithe go dtí scéimeanna le ranníocaíochtaí sainithe, bhí éifeacht réabach aige ar scéimeanna pinsin ar fud na tíre.

Bhí formhór na scéimeanna pinsin ceirde san earnáil phríobháideach a bhí bunaithe ar an "tuarastal deiridh" nó ar shochar sainithe "in easnamh", rud a chiallaigh go raibh a gcuid dliteanas ní ba mhó ná a gcuid sócmhainní. Ní raibh sé ar chumas roinnt díobh cistiú a fháil ón bhfostóir nó ó na fostaithe chun leanúint ar aghaidh, agus chinn siad foirceannadh nó sochair a laghdú.

Ós rud é go bhfuil an chosaint dhlíthiúil do phinsinéirí i bhfoirceannadh scéime le sochar sainithe i bhfad níos treise ná mar atá amhlaidh i gcás ball nach bhfuil ar scor, rinneadh laghduithe móra ar shochar pinsin go leor de na daoine nach bhfuil ar scor. Mar fhreagra air sin, laghdaigh an Rialtas an chosaint do phinsinéirí, d'fhonn breis sócmhainní a fhágáil ag baill eile na scéimeanna, san **Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2013**, a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Nollaig, 2013. Bhí d'éifeacht aige sin gur scaipeadh amach an phian seachas réiteach a fháil ar na saincheisteanna bunúsacha i scéimeanna tearcmhaoinithe nó ar an ról a bhí ag iontaobhaithe na scéimeanna sin.

Bagraíodh ballóidí le haghaidh gníomhaíocht thionsclaíoch ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, atá faoi úinéireacht an Stáit, agus ag an iar-aerlíne náisiúnta, Aer Lingus, a bhfuil sciar mionlaigh ag an Stát ann fós, mar iarracht a rinne na ceardchumainn iallach a chur ar an lucht bainistíochta méadú a dhéanamh ar thairiscint a rinneadh chun fóirdheontas a thabhairt don scéim le sochar sainithe a bhfuil an dá chuideachta páirteach inti. Measadh go leanfadh an díospóid, a raibh an LRC agus an Chúirt Oibreachais araon gafa léi agus iarracht á dhéanamh acu na páirtithe a bhrú i dtreo socraíochta, ar aghaidh in 2014.

I mí na Nollag 2013, seachnaíodh stailc a bhí bagartha ag an bhfóntas leictreachais faoi úinéireacht an Stáit, BSL (Bord Soláthair an Leictreachais) nuair a ghlac an chuideachta le togra ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais chun easnamh féideartha sa scéim pinsin le sochar sainithe a chur san áireamh ina chuid cuntas bliantúil.

Idir an dá linn, fuair an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach (ECJ) i bhfabhar iar-oibrithe de chuid Waterford Crystal a raibh caingean dlí tógtha acu i gcoinne an Stáit i leith chaillteanas a bpinsean. Bhí an chuideachta tagtha chun bheith dócmhainneach in 2009. Chinn an ECJ gurb amhlaidh, faoi dhlí an AE, go bhfuil oibleagáid ar an Stát teidlíochtaí pinsin na n-oibrithe a chosaint i gcás cuideachta a theacht chun a bheith dócmhainneach. Dhiúltaigh an ECJ argóint an Rialtais gur chóir pinsean ranníocach an Stáit a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cé mhéad de na pinsin a cailleadh ba chóir a shlánú i ndiaidh dhócmhainneacht na cuideachta. Bhí sé ráite leis na fostaithe nach bhfaighidís ach idir 18% agus 28% dá gcuid teidlíochtaí pinsean iomlána.

Cháin an ECJ an Rialtas freisin toisc nár chomhlíon sé oibleagáidí a tháinig chun cinn as cás sa Ríocht Aontaithe in 2007, sular thrashuigh Éire an Treoir Dócmhainneachta in 2008. Rialaigh an Chúirt freisin nárbh ionann an ghéarchéim gheilleagrach agus "cás eisceachtúil a d'fhéadfadh bonn a thabhairt do leibhéal

níos ísle cosanta" d'fhostaithe. Tá sé fós le cinneadh ag an Ard-Chúirt in Éirinn cé mhéad a bheidh an Stát faoi dhliteanas i leith phinsin chaillte iar-oibrithe Waterford Crystal.

Ar leithligh, tháinig An Post, (an chuideachta phoist faoi úinéireacht an Stáit), ar chomhaontú lena cheardchumainn maidir le hathstruchtúrú ar an scéim pinsin dara sraith cuideachta-bhunaithe, lena n-ardaítear an gnáthdháta scoir i gcomhréir le méaduithe pleanáilte ar an bpinsean Stáit chéad sraithe. Ag deireadh na bliana 2013, bhí faomhadh foirmiúil an Rialtais fós le baint amach ag an gcomhaontú beartaithe.

Aois scoir: Ón 1 Eanáir 2014, ardaíodh aois scoir éifeachtach an Stáit, .i. an dáta óna mbeidh an pinsean chéad sraithe Stáit iníoctha, ó 65 go 66, mar chuid de mhéadú céimnithe a bhainfidh a uasleibhéal amach le dul ar scor in aois a 68 ón mbliain 2028 ar aghaidh. Cé go raibh 12,500 duine ar an tslí chun aois a 65 a bhaint amach in 2014, ní raibh ach 1,500 duine díobh sin fós fostaithe, dar leis an Rialtas. D'fhéadfadh sé go gcuirfí iallach ar roinnt den 1,500 duine sin an fhostaíocht a fhágáil má tá aois scoir éigeantach de 65 i bhfeidhm ag an bhfostóir, ach más rud é nach mór dóibh an sochar lucht cuardaigh fostaíochta, .i. an sochar dífhostaíochta, a fháil, ní bheidh siad faoi réir na mbeart gníomhachtaithe saothair céanna leo siúd nach bhfuil aois a 62 bainte amach acu.

Faoin **Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2013**, ceadaíodh laghduithe a chur i bhfeidhm ar phinsin arna n-íoc ó scéimeanna le sochar sainithe bunaithe ar thuarastal deiridh, d'fhonn sócmhainní a shaoradh sna scéimeanna chun laghdú a dhéanamh ar chiorruithe níos measa a bheadh le cur i bhfeidhm ar bhaill den scéim pinsin nach raibh ar scor.

Clúdaítear trí chás san Acht:

(a) dócmhainneachtaí dúbailte, sa chás ina bhfuil an scéim pinsin agus an fhostóir araon dócmhainneach, mar atá amhlaidh i gcás Waterford Crystal thuas, áit a bhfaigheadh gach ball den scéim 50% ar a laghad dá gcuid sochar, agus pinsinéirí atá ann cheana féin ag fáil íosmhéid de €12,000 in aghaidh na bliana, le haon easnamh á shlánú ag an Stát, arna chistiú trí thobhach ar gach ciste pinsean;

(b) dócmhainneachtaí aonair, sa chás ina ndéantar an scéim a fhoirceannadh agus a mbíonn an fhostóir fós sócmhainneach, lenar féidir laghdú 10% a chur i bhfeidhm ar phinsin na bpinsinéirí a fhaigheann os cionn €12,000 in aghaidh na bliana, nó laghdú 20% a chur i bhfeidhm ar a bpinsin siúd a fhaigheann os cionn €60,000 in aghaidh na bliana, chun acmhainní a shaoradh d'fhonn teorainn a chur leis na laghduithe, ar mó go minic iad, ar phinsin amach anseo do bhaill nach bhfuil ar scor;

(c) níl an chuideachta ná an scéim dócmhainneach, ach tá na sochair á laghdú ionas nach mbeadh easnamh sa scéim, agus sa chás sin féadfar ciorruithe suas le 10% a chur i bhfeidhm i gcás pinsinéirí a fhaigheann pinsean níos mó ná €12,000 agus suas le 20% ina gcás siúd a fhaigheann níos mó ná €60,000.

### Cómhargáil – an earnáil phríobháideach

San earnáil phríobháideach, chloígh ceardchumainn ICTU de chuid na hearnála príobháidí agus Ibec lena gcuid prótacal comhaontaithe maidir le héilimh pá a bhainistiú. Faoi na cóid dheonacha sin, bíonn tiomantas neamhfhoirmiúil ag ballchuideachtaí agus ceardchumainn maidir le nósanna imeachta áirithe um dhíospóidí a leanúint, lena n-áirítear leas a bhaint as an LRC nó as an gCúirt Oibreachais i gcásanna nuair nach féidir díospóidí a réiteach go háitiúil.

Ní aon chomhaontú náisiúnta a ndearnadh cómhargáil ina leith i bhfeidhm i gcomhair na hearnála príobháidí. Tá an mhargáil áitiúil ina cur chuige iondúil ó 2009 i leith, agus í á rialú ar bhonn neamhfhoirmiúil ag na prótacail dheonacha réamhluaite.

Go luath in 2014, rinne an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D. athdhearbhú ar an seasamh a bhí aige ar phá san earnáil phríobháideach. Dúirt sé nár chreid sé go raibh comhaontú náisiúnta pá "indéanta ná inmhianaithe", agus thug sé le tuiscint gurb amhlaidh a bheadh an cás san earnáil phríobháideach ar feadh 18-24 mí. Thug an tAire d'aird tuairim an chomhlachta fostóirí Ibec go bhfuil an mhargáil áitiúil "bunaithe ar réaltachtaí ar leibhéal cuideachtaí ina slí chuí chun déileáil le brúnna pá ag an gcéim seo".

In 2013, dhírigh an ceardchumann is mó sa tír, SIPTU, a straitéis phá ar an tionscal déantúsaíochta atá dírithe ar onnmhairiú, chomh maith le roinnt arduithe pá a bhaint amach san earnáil mhiondíola agus san earnáil bia agus dí i gcomhar leis an gceardchumann Mandate. Bhí straitéis SIPTU 2011–2013 bunaithe "ar shlándáil fostaíochta agus ioncaim" agus bhí sí nasctha go ginearálta le harduithe 2% in aghaidh na bliana a lorg.

Faoi dheireadh 2013, bhí fianaise ann go raibh arduithe pá idir 2%–3% ag éirí níos coitianta i measc cuideachtaí ilnáisiúnta a bhíonn i mbonn onnmhairithe, le gluaiseachtaí pá ag teacht chun cinn san earnáil mhiondíola. Bhí comhaontú ginearálta i measc na gcomhpháirtithe sóisialta go raibh arduithe pá measartha go leor, agus go raibh an t-ionchas ann i gcomhair na bliana 2014 gur dócha go leanfaí den treo sin agus go ndéanfaí é a leathnú, dá bhféadfaí an téarnamh geilleagrach a chothabháil.

### Roinnt comhaontuithe suntasacha Caidrimh Thionscail

Ghlac baill foirne AIB ar baill iad den IBOA, ceardchumann na n-oifigeach bainc, le sraith núíosach, nasctha moltaí ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus ón gCúirt Oibreachais maidir le socruithe nua pinsin, téarmaí agus coinníollacha amach anseo, slándáil post agus caidrimh d'fhoireann AIB, lena n-áirítear íocaíocht aonuaire "tionscnaimh" 4% i leith

fhormhór bhaill an cheardchumainn. San fhoilseachán seachtainiúil Industrial Relations News (IRN), tuairiscíodh go léirítear sa dá shraith moltaí "cur chuige sioncrónach ag dhá phríomhghníomhaireacht réitigh díospóide an Stáit". Dhéileáil an LRC le saincheisteanna a bhain le prionsabail lárnacha agus le stiúradh saincheisteanna a bhain le caidreamh tionscail agus acmhainní daonna, agus dhéileáil an Chúirt le nithe praiticiúla laethúla caidrimh thionscail.

I gcomhréir leis an treoir a thug an tAire Airgeadais, Michael Noonan, TD, bhí na laghduithe costais a bhí i gceist sa chomhaontú ina gcuid de thiomantas AIB maidir le costais a laghdú €350 milliún de bhun tuarascála a rinne na Mercer ar luach saothair sna bainc ar fad atá spleách ar an Stát d'fhonn costais phárolla a laghdú idir 6% agus 10%.

Ag Pfizer, comhaontaíodh laghdú suntasach ar líon na n-iomarcaíochtaí éigeantacha i measc na n-oibrithe idir an bhainistíocht agus ceardchumann SIPTU, tríd idirbheartaíocht ar bhearta táirgiúlachta malartacha ag príomh-mhonarcha an ghnólachta ag Rinn an Scidígh i gCorcaigh. Bhí an mhonarcha ar cheann de na híocóirí ab airde in earnáil déantúsaíochta na hÉireann.

I réamhrá a bhí ag gabháil le tograí táirgiúlachta an LRC sa chás sin, dúradh go raibh an suíomh i Rinn an Scidígh ag tabhairt aghaidh ar "an réaltacht a bhaineann le punann táirgí suímh a bhfuil táirgí seachphaitinne atá an-íogair ó thaobh praghais ina ghné shuntasach ina leith, titim thubaisteach i líon na dtáirgí agus an líon beag atá le sonrú i bpróifíl na dtáirgí nua", a bhfuil gá dá bharr "ní hamháin le caillteanais post nach féidir a sheachaint ach freisin le hathrú bunúsach ar struchtúir chostais agus ar bhealaí oibre". D'fhágfadh an comhaontú Pfizer/SIPTU an mhonarcha i gcor níos iomaíche chun obair chógaisíochta mhórchóir a mhealladh laistigh den ghrúpa Pfizer ar fud an domhain, ná mar a bheadh amhlaidh roimh an idirbheartaíocht rathúil.

Bhí ardú pá 3% ina thoradh ar chomhaontú idir an miondíoltóir mór, Penneys, agus an ceardchumann Mandate, mar aon le cur i bhfeidhm córas nua uaireanta bandaithe do bhaill foirne pháirtaimseartha. Tógadh an córas uaireanta nua de bharr idirbheartaíochta idir an bhainistíocht agus an ceardchumann i ndiaidh molta ón gCúirt Oibreachais i mí an Mheithimh 2013. Áiríodh le heilimintí breise an caighdeánú ar scéim phá breoiteachta do thosaitheoirí nua agus ardráta pá nua don Domhnach agus do laethanta saoire poiblí do thosaitheoirí nua.

Ghlac dochtúirí ospidéil nár lianna chomhairleacha iad (NCHD) le comhaontú chun díospóid a bhain le huaireanta oibre a réiteach. Mhaígh Cumann Leighis na hÉireann (IMO) go raibh a chuid comhaltaí ag obair ar feadh uaireanta a bhí "chomh fada gur cúis chontúirte iad". Tar éis stailc aon lae i mí Dheireadh Fómhair, chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus an IMO i gcrích comhaontú faoinar thug na páirtithe tiomantas maidir lena chinntiú, ar bhonn comhpháirteach, go mbeadh patrúin oibre ag cloí le Treoir an AE um Am Oibre faoi Eanáir 2014.

### An Dlí Fostaíochta – roinnt forbairtí tábhachtacha

I mí na Bealtaine, dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach, i rialú "McGowan", go raibh Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (REA) a rinneadh faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1946 míbhunreachtúil. Bhí impleachtaí móra ag an gcinneadh sin d'fhostóirí a bhíonn ag feidhmiú in earnálacha ina bhfuil téarmaí agus coinníollacha fostaíochta á rialáil ag Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe.

In athbhreithniú a raibh súil leis le fada ar Chomhchoistí Oibreachais (JLC) earnála, moladh gur cheart formhór na REAanna a choinneáil, cé go mbeadh athruithe i gceist maidir leis na hoibrithe agus cineál na hoibre arna clúdach. I dtuarascáil a bhí coimisiúnaithe ag an gCúirt Oibreachais ón gcomhairleoir Janet Hughes de bhun coinníll faoin Acht Caidrimh Thionscail, 2012 – go ndéanfaí an córas JLC a athbhreithniú – moladh go ndéanfaí díreach dhá cheann de na deich JLC atá ann faoi láthair a dhíothú.

(Nóta: I mí Eanáir 2014, tógadh céim thábhachtach in athbhunú íosphá earnála i gcás earnálacha áirithe ar phá íseal, nuair a síníodh orduithe bunaithe do Chomhchoistí Oibreachais (JLCanna) nua, a chlúdaíonn fáilteachas, lónadóireacht, miondíol, glanadh ar conradh, slándáil agus talmhaíocht.)

Bhí tionchar freisin ag an **Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012**, lena n-áirítear forálacha ar féidir éifeacht chúlghabhálach a bheith acu, ó thaobh scála na ndámhachtainí. I gcinneadh de chuid na Cúirte Oibreachais, ***Team Obair v Robert Costello (AWD134)***, d'áitigh tiománaí ardaitheora a bhí fostaithe ag gníomhaireacht go bhfuair sé bunphá ní ba lú ná mar a bheadh aige dá mbeadh sé fostaithe ar bhonn díreach. Ghlac an Chúirt Oibreachais leis an argóint sin. Rinneadh breith den chineál céanna i mí na Bealtaine de bhun imeachtaí a thionscain Geraldine Mahon i gcoinne na gníomhaireachta Nurse on Call. Sa chás sin, rialaigh an Chúirt gur chóir liúntas áirithe a áireamh mar bhunphá agus gur cheart go mbainfeadh an duine a bhí i gceist leas as arduithe pá náisiúnta (AWD131, cf. IRN 32/13).

I mí Iúil, chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas ar fáil a bhfuil iarmhairtí aige do chuideachtaí agus do lucht oibre a bhfuil baint acu le haistriú gnóthas. Sa chás ***Mark Alemo-Herron v Parkwood Leisure Ltd (Cás C-426/11)***, dúirt an Chúirt nár cheart go mbeadh iallach ar chuideachta aistrí glacadh le téarmaí comhaontaithe chomhchoitinn a baineadh amach tar éis chríochnú an aistrithe nach raibh sí ina páirtí ina leith. Dúirt an Chúirt go bhfuil sé ina dhlí socraithe go gcaithfear an Treoir ar Aistriú Gnóthas a léirmhíniú ar bhealach atá i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. In Airteagal 16 den Chairt, leagtar síos an tsaoirse chun gnó a sheoladh, a thugann le tuiscint go gcaithfidh gnólacht aistrí a bheith in ann a chuid

leasanna a dhearbhú go héifeachtach i bpróiseas conartha a bhfuil sé ina pháirtí ina leith.

I mí an Mhárta, mhéadaigh an tAontas Eorpach, faoi na **Rialacháin (um Shaoire Thuismitheoireachta) 2013**, an méid saoire thuismitheoireachta atá ar fáil do gach tuismitheoir in aghaidh an linbh ó 14 seachtaine go 18 seachtaine agus leathnaigh sé an teorainn aoise do leanbh a bhfuil tinneas fadtéarmach air nó uirthi go dtí 16 bliana. Foráladh sna Rialacháin freisin go bhféadfadh tuismitheoir a bhí ag filleadh ó shaoire thuismitheoireachta athrú ar uaireanta oibre a iarraidh. Tá feidhm ag na Rialacháin maidir le gach leanbh a cháilíonn faoi láthair le haghaidh saoire thuismitheoireachta.

Cuireadh deireadh leis an lacáiste iomarcaíochta ón 1 Eanáir, 2013. I gcás iomarcaíochtaí suas go dtí an 1 Eanáir 2012, bhí fostóirí i dteideal lacáiste 60%, agus níor cuireadh ach 15% ar fáil in 2012. Dhealraigh sé go raibh an tionchar ag an mbeart sin, a bhí dírithe ar shrian a chur ar fhóirdheontais chuig fostóirí móra, a bhí brabúsach go minic, a bhí i mbun iomarcaíochtaí, gur tháinig laghdú ar mhéid na bpacáistí ex-gratia.

Reachtaíocht chómhargála: I mí an Mheithimh, shonraigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, T.D. gurbh é "beartas comhsheasmhach rialtais i ndiaidh rialtais in Éirinn" an chómhargáil a chur chun cinn trí fhorbairt a dhéanamh ar chreat institiúideach lena dtacaítear le "córas deonach caidrimh thionscail". Dúirt sé go bhféadfaí "socruithe sásúla" a chur i bhfeidhm i leith na cómhargála "lena ndéanfar comhréiteach idir traidisiúin bhunreachtúla, shóisialta agus gheilleagracha na hÉireann, agus oibleagáidí idirnáisiúnta, agus lena gcinnteofar ag an am céanna rath leanúnach maidir le bonn post intíre na hÉireann a thógáil agus infheistíocht a mhealladh ó thar lear". Ina dhiaidh sin, rinne an roinn athbhreithniú ar an gcómhargáil i gcoinne chúlra na reachtaíochta caidrimh thionscail atá ann faoi láthair, agus fuair sí aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara.

Shonraigh Rialtas Fhine Gael agus an Lucht Oibre, ina chlár comhpháirteach don rialtas 2011, go ndéanfadh sé athchóiriú ar an dlí atá ann faoi láthair maidir le ceart na bhfostaithe chun dul i mbun cómhargála, faoin **Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2011**, "chun a áirithiú go mbeadh an Stát géilliúnach do bhreithiúnais le déanaí ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine".

### An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

I mí Dheireadh Fómhair 2013, d'fhógair an tAire roinnt tionscnamh breise mar chuid de chur i bhfeidhm leanúnach a chuid pleananna foriomlána chun na hinstitiúidí agus na struchtúir um chaidreamh san áit oibre a athchóiriú, agus cumasc a dhéanamh ar chúig chomhlacht in dá cheann:

- Tá suíomh gréasáin nua –(www.workplacerelations.ie) – curtha in ionad an tsuímh gréasáin eatramhaigh agus shuíomhanna gréasáin na gcúig Chomhlacht um Chaidreamh san Áit Oibre.
- Tá Ríomhfhoirm Gearán Aonair i bhfeidhm maidir le 130 cineál gearán. Is féidir gach gearán céadchéime chuig Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta, chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta, chuig an Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta, chuig an mBinse Comhionannais agus chuig an gCúirt Oibreachais a dhéanamh trí leas a bhaint as an bhfoirm sin.
- Trí Bhunachar Sonraí na gCinntí, cuirfear ar fáil acmhainn aonair, atá óstáilte ar shuíomh gréasáin agus iomlán inchuardaithe, d'úsáideoirí, do chleachtóirí agus do pháirtithe leasmhara i ndáil le breis is 30,000 cinneadh a d'eisigh an Chúirt Oibreachais, an Binse Comhionannais agus an Binse Achomhairc Fostaíochta go dtí seo, agus tógfaidh sé an áit atá ag trí bhunachar sonraí ar leith atá in úsáid faoi láthair.
- An mheastóireacht ar an tSeirbhís Luath-Réitigh phíolótach le haghaidh gearán a bhaineann le caidreamh san áit oibre, inar sonraíodh gur léirigh an tSeirbhís "an acmhainneacht le haghaidh malairt rogha thapa, éifeachtach ó thaobh costais in ionad breithniú foirmiúil, chomh fada agus a bhaineann le réiteach gearán".

Is iad seo a leanas na bearta a seachadadh cheana féin faoin gClár Athchóirithe:

- Tairseach phointe teagmhála amháin i gcomhair tarchuir agus faisnéise maidir le caidreamh san áit oibre;
- Admháil tugtha ar ghearánacha laistigh de 10 lá oibre, ar an meán, ó fhaightear iad;
- Tugtar fógra don fhostóir laistigh de 10 lá oibre, ar an meán, tar éis an gearán a thaisceadh;
- Gan riaráiste ar bith maidir le héisteachtaí na gCoimisinéirí um Chearta;
- Seoladh suímh gréasáin eatramhaigh um chaidreamh san áit oibre, www.workplacerelations.ie. agus
- Seirbhís Luath-Réitigh Phíolótach;

### Bearta fostaíochta

Tugadh isteach scéim nua JobsPlus d'fhonn gnólachtaí a spreagadh chun fostaithe breise a fhostú ón mBeochlár, á fheidhmiú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá sé dírithe ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus clúdaíonn an Stát thart ar €1 as gach €4 "den ghnáthchostas a bhaineann le duine a fhostú a bhí ar an mBeochlár ar feadh 12 mhí nó níos faide". Measadh go raibh an scéim ina príomhghné de thionscnaimh an Rialtais, “Plean Gníomhaíochta um Post” agus “Bealaí chun na hOibre” [Pathways to Work]. Tá an scéim oscailte do gach fostóir san earnáil phríobháideach, (lena n-áirítear an earnáil tráchtála leathstáit), earnáil na hoibre sa phobal, an earnáil neamhbhrabúis agus an earnáil dheonach.

Bunaíodh Ionaid Intreo nua chun tacaíocht ioncaim agus seirbhís fostaíochta a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist agus cuidiú le fostóirí baill foirne a earcú. Tháinig an córas i gcomharba ar thrí sheirbhís ar leithligh a bhí á soláthar roimhe sin ag FÁS, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Seirbhís Leasa Pobail an HSE. Sa chéad

aon mhí dhéag den bhliain 2013, d'fhreastail 122,300 duine ar choinní grúpa, d'fhreastail 148,500 duine ar agallaimh thosaigh duine le duine, agus bhí próifíliú le bheith déanta ar gach cuardaitheoir poist faoi dheireadh 2013.

I dtuarascáil a rinne an taighdeoir neamhspleách, Brian Harvey, fuarthas amach gur tháinig crapadh 35% ar eagraíochtaí Pobail agus Deonacha (C&V), rud a thuar sé a bheadh ina chúis le thart ar 11,000 post caillte faoi dheireadh 2013. Rinne oibrithe ón earnáil agóid i mí na Samhna 2013, i dtionól a bhí eagraithe ag Coiste na hEarnála Pobail de chuid an ICTU. D'fhreastail oibrithe ó raon seirbhísí air, lena n-áirítear athshlánú drugaí, forbairt pobail, seirbhísí fostaíochta, tacaíocht teaghlaigh, tionscadail óige, cúram leanaí, oiliúint agus oideachas.

### Sláinte agus sábháilteacht

Bhí an ionstraim reachtúil **um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialacháin Foirgníochta), 2013 (IR 291/2013)**, dírithe ar rialacháin foirgníochta atá ann cheana féin a chomhdhlúthú agus teaghaisí cónaithe a thabhairt faoi raon feidhme na rialachán. Bhí rialacháin roimhe sin teoranta "do thionscadail i gcúrsa trádála nó gnó nó á mbisiú".

Faoin **Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013 (Uimh. 32 de 2013)** méadófar teorainneacha dlínse dhá cheann de na cúirteanna dlí níos ísle agus damáistí á ndeonú i gcásanna díobhálacha pearsanta, lena n-áirítear díobhálacha ceirde. Tá an córas cúitimh do dhíobhálacha ceirde bunaithe ar dhliteanas faoin dlí coiteann, inar féidir le fostaithe gortaithe éilimh dhlíthiúla ar chúiteamh a thionscnamh sna cúirteanna sibhialta.

Faoin ionstraim reachtúil, méadaítear an cúiteamh uasta i leith díobhálacha pearsanta is féidir a dhámhachtain in dá cheann de na cúirteanna níos ísle, lena dtugtar na Cúirteanna Dúiche suas go dtí teorainn €15,000 (€6,384 roimhe seo) agus na Cúirteanna Cuarda suas go dtí €60,000 (€38,092 roimhe seo). Is é an éifeacht atá aige sin gur féidir éilimh ar chúiteamh i gcás gortuithe níos tromchúisí a thionscnamh sna cúirteanna níos ísle anois, agus go mbíonn costais dlí níos ísle i gceist i ngach éileamh ar leith.

### Focal scoir

D'fhéadadh sé go mbreathnóimid siar ar an mbliain 2013 mar cheann inar thosaigh geilleagar na hÉireann ag teacht as an ngéarchéim airgeadais, shóisialta agus gheilleagrach a thosaigh in 2007/2008. Bheadh forbairtí sa réimse caidrimh thionscail ina bhfianaise éigin lena dtacaítear leis an measúnú cúramach sin.
Tá gluaiseachtaí pá ag teacht chun cinn san earnáil phríobháideach de réir a chéile, in earnálacha amhail earraí cógaisíochta agus cúram sláinte, ag leathadh isteach in earnáil na seirbhísí agus san earnáil mhiondíola ar bhealach a dhealraíonn sé atá inbhainistithe. Bhí an filleadh sin “ar mhargáil áitiúil faoi phá” ina athrú iomlán síochánta, tríd is tríd, ón gcóras roimhe sin, a bhí bunaithe ar chomhaontuithe náisiúnta pá faoi chomhpháirtíocht shóisialta.

I gcodarsnacht leis sin, léiríodh géarchéim na bpinsean, téarma ar cur síos cuí uirthi é, i bhfoirmeacha níos achrannaí tráth a bhfuil cuideachtaí ag triail teacht slán ón ualach costais a bhaineann le pleananna le sochar sainithe, agus tráth a bhfuil fostaithe laistigh de scéimeanna ag lorg sóláis óna n-ionadaithe agus ó ghníomhaireachtaí réitigh díospóide an Stáit gur féidir a gcuid ionchas pinsin a chosaint a mhéid agus is féidir.

Ar bhonn níos ginearálta, tá méadú tagtha ar an leibhéal gníomhaíochta díospóidí, ach is ó bhonn an-íseal é sin. I gcomparáid le tíortha eile an AE, bhí taifead stailceanna na hÉireann fós an-mhaith. “Pointe díola” tábhachtach náisiúnta is ea é sin, agus nuair a chuirtear an chobhsaíocht pholaitiúil san áireamh leis, cinntítear go bhfuil Éire fós ina suíomh tarraingteach i gcomhair infheistíocht isteach.

Is gnéithe criticiúla iad idirbheartaíocht Chomhaontú Bhóthar Haddington agus an tiomantas i leith laghdú costais, síocháin thionsclaíoch agus athrú, maidir leis an téarnamh náisiúnta atá faoi sheol. Gan an comhaontú, a raibh ról ríthábhachtach ag an gCoimisiún ina bhaint amach; d'fhéadfadh easaontacht thionsclaíoch dhochrach a bheith tarlaithe in Éirinn, ós rud é gur beag rogha a bhí ag an Rialtas ach éilimh an Troika a chomhlíonadh. Móréacht arbh ea an HRA, arb ann dó a bhuíochas leis an gcóras caidrimh thionscail ar fad. Is féidir le Ceardchumainn, fostóirí, an Rialtas, agus an Coimisiún nua um Chaidreamh san Áit Oibre, dá bhrí sin, agus iad ag caitheamh súl ar aghaidh, muinín éigin a bheith acu ina gcumas chun dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla a bheidh le sárú de bharr téarnamh geilleagrach.

**Díospóidí Tionsclaíocha a raibh Stadanna Oibre i gceist leo (Díospóidí a bhí ar Siúl i rith na bliana)**
*FOINSE: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Éire*

| Díospóidí Tionsclaíoch ar Siúl (líon) de réir Earnála Geilleagraí NACE Athbhreithniú 2 agus de réir Bliana | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht (A) | 0 | .. | .. | .. | .. | .. |
| Tionscail (B go dtí E) | 3 | 5 | 4 | 1 | 2 | 5 |
| Foirgníocht (F) | 1 | 1 | .. | 1 | .. | .. |
| Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar (G) | 1 | 4 | 3 | .. | 1 | 2 |
| Iompar agus stóráil (H) | 3 | 2 | 2 | 1 | 2 | 2 |
| Gníomhaíochtaí seirbhísí cóiríochta agus bia (I) | 0 | .. | .. | 1 | .. | .. |
| Faisnéis agus cumarsáid (J) | 0 | .. | .. | .. | .. | .. |
| Gníomhaíochtaí airgeadais, árachais agus eastáit réadaigh (K, L) | 0 | 2 | .. | 1 | .. | 1 |
| Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla (M) | 0 | .. | .. | .. | .. | .. |
| Gníomhaíochtaí seirbhísí riaracháin agus tacaíochta (N) | 0 | 1 | 4 | .. | .. | .. |
| Riarachán poiblí agus cosaint, slándáil shóisialta éigeantach (O) | 1 | 4 | .. | 1 | .. | .. |
| Oideachas (P) | 0 | 1 | .. | .. | .. | .. |
| Gníomhaíochtaí sláinte agus oibre sóisialta (Q) | 1 | 4 | 1 | .. | .. | 2 |
| Gníomhaíochtaí eile de chuid NACE (R go dtí U) | 2 | 1 | .. | 2 | .. | .. |
| Gach earnáil gheilleagrach de chuid NACE | 12 | 23 | 14 | 8 | 5 | 12 |

*Ní bheidh na hiomláin ráithiúla i gcónaí cothrom leis an iomlán bliantúil toisc gur féidir aighneas tionsclaíoch a bheith ar siúl ar feadh níos mó ná aon ráithe amháin.*

Caibidil a Dó

# SEIRBHÍSÍ AN CHOIMISIÚIN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS



## TORADH NA SEIRBHÍSÍ IN 2013

- **Seirbhísí Corparáideacha agus an Bord**
- **Seirbhís Comhréitigh**
- **Seirbhís Chomhairleach**
- **Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta**

**Achoimre ar na Costais a bhaineann le Soláthar na Seirbhísí**
Sa tábla seo a leanas, tugtar miondealú garbh achoimrithe ar an gcaiteachas neamhiniúchta in aghaidh na Rannóige i rith 2013. Léirítear an caiteachas iarbhír sna figiúirí agus ní chuimsítear leo coigeartuithe, amhail dímheas, a d'fhéadfadh a bheith infheidhme agus comhaontaithe ina dhiaidh sin le linn an iniúchta fhoirmiúil agus chur i láthair deiridh na gcuntas don tréimhse. Níl tús curtha go fóill leis an bpróiseas scrúdaithe ar na cuntais ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C & AG) agus an tuarascáil seo á scríobh. Foilseofar na cuntais iniúchta nuair a bheidh an t-athbhreithniú críochnaithe agus an deimhniú ábhartha eisithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

| Miondealú ar Chostais Achoimre ar fud na Rannóga 2013 | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Riarachán | Bord | Seirbhís Comhréitigh | Seirbhís Chomhairleach | Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta | Iomlán |
| Tuarastail | €212,300 | €0 | €1,250,207 | €259,477 | €636,897 | €2,358.881 |
| Táillí | €0 | €80,370 | €0 | €0 | €858,644 | €939,014 |
| Taisteal agus Cothú | €19,378 | €2,010 | €66,831 | €9,612 | €122,163 | €219,994 |
| Cíos ar Sheomraí Cruinnithe | €0 | €0 | €0 | €0 | €73,371 | €73,371 |
| Stáiseanóireacht, Soláthairtí, Cumarsáid | €17,106 | €0 | €69,723 | €14,112 | €70,116 | €171,057 |
| Fóntais, Oibríochtaí agus Cothabháil | €18,762 | €0 | €78,798 | €15,009 | €75,046 | €187,615 |
| Comhairleacht agus Táillí Gairmiúla | €36,525 | €0 | €0 | €0 | €7,942 | €44,467 |
| Clódóireacht, Oiliúint | €214 | €0 | €6,502 | €3,838 | €107 | €10,661 |
| Iomlán | €304,285 | €82,380 | €1,472,061 | €302,048 | €1,844,286 | €4,005,060 |
| % den Iomlán (figiúirí slánaithe) | 8% | 2% | 37% | 8% | 46% | |

# Rannóg na Seirbhísí Comhairleacha 2013



## Is é an Ráiteas Misin atá ag Rannóg na Seirbhísí Comhairleacha

"Oibriú i ndlúth-chomhpháirtíocht le fostóirí, le ceardchumainn agus le fostaithe chun na nósanna imeachta agus na cleachtais agus na beartais is fearr maidir le caidreamh tionsclaíoch a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, d'fhonn leas geilleagrach an fhiontair a fheabhsú agus cabhrú chun fostaíocht a chruthú agus a choinneáil."

**Forbhreathnú ar an tSeirbhís Chomhairleach**
Tá an tSeirbhís Chomhairleach dírithe ar oibriú le fostóirí, fostaithe agus ceardchumainn chun cleachtais, struchtúir agus nósanna imeachta dearfacha caidrimh thionscail a fhorbairt. Is é an príomhchuspóir atá aici ná cuidiú chun caidreamh dearfach oibre a chruthú agus a choinneáil san áit oibre mar aon le bealaí éifeachtacha chun díospóidí a chosc agus a réiteach. Is féidir leis an tSeirbhís comhairle agus cúnamh a thabhairt faoi ghné ar bith a bhaineann le Caidreamh Tionscail in áiteanna oibre na hÉireann. Feidhmíonn an tSeirbhís ar an bprionsabal gur cuma an díospóid ghrúpa nó díospóid duine aonair atá i gceist, gur fearr í a réiteach san áit oibre, agus bíonn an cúnamh a chuireann sí ar fáil dírithe go mór ar chur le cumas na n-eagraíochtaí agus a gcuid fostaithe an caidreamh tionscail atá acu a bhainistiú "intí" agus ar bhonn éifeachtach.

Chuir triúr Oifigeach Comhairleach an tSeirbhís ar fáil.

**Seachadadh Seirbhísí**
Cé go gcuirtear an cúnamh in oiriúint do riachtanais áirithe gach áite oibre, is féidir na cineálacha cúnaimh a aicmiú mar seo a leanas:

**Oiliúint**
Tá seachadadh oiliúna ar ghnéithe éagsúla den chaidreamh fostaíochta ina ghné thábhachtach de shainchúram na Seirbhíse chun acmhainn forbartha caidrimh thionscail a fheabhsú, in áiteanna oibre in Éirinn, trí chláir réamhghníomhachta um chosc díospóidí a sholáthar. Tá forbairt déanta ar an tSeirbhís agus leanann sí ar aghaidh ag seachadadh cláir éagsúla maidir le nósanna imeachta san áit oibre – Casaoid, Araíonacht agus Dínit, Cumarsáid agus Comhairliúchán, an Próiseas Idirbheartaíochta agus tacaíocht maidir le bainistíocht athruithe san áit oibre i gcoitinne. Déantar cláir a chur in oiriúint do riachtanais eagraíochtaí aonair, idir eagraíochtaí móra agus beaga, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.

Sna cláir oiliúna a sholáthraíonn an Coimisiún, a chuirtear ar fáil ar an láthair ag ár bhfoireann cleachtóirí

oilte, ó Rannóga Comhairleacha agus Comhréitigh araon, dírítear ar fheabhas a chur ar an gcumas atá ag áiteanna oibre agus a gcuid fostaithe chun próisis agus nósanna imeachta éifeachtacha um chaidreamh tionscail a fhorbairt agus a fheidhmiú.

**Athbhreithnithe Caidrimh Thionscail**
Is éard atá i gceist le hathbhreithnithe caidrimh thionscail ná measúnú domhain ar chaidreamh tionscail in áiteanna oibre d'fhonn réimsí faidhbe a aithint, moltaí a dhéanamh a bhaineann le cleachtais agus nósanna imeachta a fheabhsú, agus a bheith ag obair le gach duine lena mbaineann chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. I ngnáth-athbhreithniú, d'fhéadfaí leas a bhaint as roinnt próiseas chun eolas a bhailiú, lena n-áirítear agallaimh dhuine le duine, ceistneoirí, suirbhéanna ríomhphoist agus fócasghrúpaí. Is é an rud tábhachtach i ngnáth-athbhreithniú ná réimsí faidhbe a aithint go cruinn agus a bheith ag obair le gach duine lena mbaineann chun teacht ar réitigh éifeachtacha.

**Cómheithil Oibre**
Is éard is Cómheitheal Oibre ann próiseas comhpháirteach lucht bainistíocht/fostaithe arna éascú ag an tSeirbhís chun moltaí a éiríonn as athbhreithniú ar chaidreamh tionscail a chur i bhfeidhm. Ceapadh an próiseas sin le go bhféadfaidh na páirtithe uile a bheith páirteach i réitigh, a bhfuil glacadh ag gach páirtí leo, a fháil ar a gcuid fadhbanna.

**Éascú**
Cuireann an tSeirbhís seirbhís éascaithe ar fáil atá dírithe ar shaincheisteanna éagsúla san áit oibre lena n-áirítear cur i bhfeidhm athruithe cleachtais oibre agus forbairt nósanna imeachta níos fearr san áit oibre. Dírítear an tseirbhís éascaithe ar chabhrú leis na páirtithe teacht ar réitigh a bhfuil glacadh ag gach páirtí leo.

**Réiteach Díospóide Deonach**
Déanann an tSeirbhís éascú ar an nós imeachta atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Réiteach Díospóide Deonach (I.R. Uimh. 76 de 2004), ina dtugtar creat um dhíospóidí a phróiseáil i gcásanna nach bhfuil cómhargáil i bhfeidhm.

**Idirghabháil san Áit Oibre**
Tá idirghabháil san áit oibre á cur ar fáil ag foireann Seirbhíse Comhairlí agus Comhréitigh chomhpháirteach. Tá forbhreathnú agus mionsonraí leagtha amach faoi ghníomhaíocht na Seirbhíse Comhréitigh.

**Taighde**
Tá an tSeirbhís freagrach as an sainchúram atá ar an gCoimisiún chun taighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le caidreamh tionscail agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha sa chaidreamh tionscail go ginearálta. I dtaca leis sin, tharla an ghníomhaíocht seo a leanas i rith na tréimhse:

**Comhchlár Taighde LRC/ACAS ar Nuálaíochtaí i mBainistíocht Easaontachtaí**
Tá an Coimisiún agus ACAS (an príomhchomhlacht réitigh díospóide poiblí sa Ríocht Aontaithe) ag tacú le tionscadal taighde a bhfuil sé ina aidhm aige 10 gcás-staidéar a dhéanamh (5 chinn sa Ríocht Aontaithe agus 5 chinn in Éirinn) ar chleachtais um bainistiú easaontachtaí san áit oibre in eagraíochtaí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Díreofar aird sna cás-staidéir ar an bhfáth a gcuireann eagraíochtaí (idir cheardchumainn agus eagraíochtaí nach ceardchumainn iad, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon) nuálaíochtaí um easaontacht san áit oibre i bhfeidhm, conas a dhéantar cleachtais nua a leabú laistigh d'eagraíochtaí, agus na torthaí a bhaineann leo. Cuirfear an tionscadal i gcrích in 2014.

**Miondealú ar Ghníomhaíochtaí/Acmhainní 2012**

| Cineál Tionscadail | Líon na dtionscadal |
|---|---|
| I.R. 76 | Nialas |
| Éascú/Cómheithil Oibre | 28 |
| Idirghabháil | 27 |
| Athbhreithnithe um Chaidreamh Tionscail | 18 |
| Oiliúint | 21 |

*Tabhair faoi deara: Baineann an figiúr um líon na dtionscadal leis na tionscadail iarbhír agus ní le líon na gcruinnithe.*

# Idir-réiteach, Eadráin san Ionad Oibre agus an Rannóg Seirbhísí Luathréitigh






## Misean

"Soláthróidh an Rannóg seo sraith Seirbhísí Idir-réitigh, Eadrána agus Éascaithe neamhchlaonta, tráthúil agus éifeachtach a chuireann seirbhís ar fáil ar ardchaighdeán san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon"

**Achoimre ar Ghníomhaíochtaí 2013**

| Catagóir | Iomlán ag deireadh Mhí na Nollag 2012v | Iomlán ag deireadh Mhí na Nollag 2013 |
|---|---|---|
| **Idir-réiteach** | | |
| Tarchur | 1,054 | 1,029 |
| Comhdhálacha | 1,350 | 1,646 |
| Cruinnithe Eile (Éascú, maoirseacht, JLCanna, cathaoirleach na bhFóram Idirbheartaíochta) | 218 | 225 |
| **Líon iomlán na gcruinnithe** | 1,681 | 1,871 |
| **Cásanna tarchurtha chuig an gCúirt Oibreachais** | 147 | 159 |
| **Eadráin** | | |
| Tarchur | 54 | 57 |
| Cruinnithe (lena n áirítear an Fhoireann Chomhairliúcháin) | 105 | 136 |

Dhírigh an Rannóg in 2013 ar sheirbhís thráthúil sholúbtha, fhreagrúil a cheaptar le riachtanais na bpáirtithe díospóidí a chomhlíonadh nó saincheisteanna san ionad oibre Éireannach a réiteach. Is é príomhfheidhm agus luach na seirbhíse ná gur acmhainn ar ardchaighdeán atá inti atá ar fáil ag an am ceart i gcibé cás díospóide. Ba é seachadadh na seirbhíse ardchaighdeáin sin in 2013 an dúshlán a sháraigh foireann na Rannóige, de dheichniúr Comhréiteoirí/ Idirghabhálaithe, de chúigear Oifigeach um Réiteach Cásanna agus de sheachtar ón bhfoireann tacaíochta.

### Gníomhaíochtaí na Seirbhíse Idir-réitigh

Rinne an tSeirbhís Idir-réitigh 159 díospóid a tharchur chuig an gCúirt Oibreachais in 2013 agus bhain sí amach ráta socraithe idir-réitigh an bhliain sin de 85% de na díospóidí a tarcuireadh chuici (1,029), i gcomparáid le 86% in 2012, a bhí i comhréir leis an leibhéal a raibh an tSeirbhís ag súil leis.


Bhain méid suntasach de na gníomhaíochtaí a sholáthraigh an tSeirbhís in 2013 le plé a éascú idir an Rialtas agus Ceardchumainn agus Cumainn na Seirbhíse Poiblí maidir leis an athbhreithniú ar *Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014* – Comhaontú Pháirc an Chrócaigh – agus le tabhairt isteach a chomharba nua, *Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2014* – Comhaontú Bhóthar Haddington. Chabhraigh an tseirbhís freisin le raon leathan tionscal chun díospóidí a réiteach agus i gcuid mhór cásanna, tugadh moltaí cuíchóirithe um chostais a laghdú, um athchóiriú ar scéimeanna pinsin agus um choigeartú pá.

Fuarthas 1,029 cás tarchurtha le haghaidh idir-réitigh in 2013. Ba laghdú beag é sin ó 1,054 in 2012, léiriú is dócha ar an timpeallacht eacnamaíoch atá fós dúshlánach. Thionóil an tSeirbhís 1,871 cruinniú iarbhír in 2013, méadú ar an bhfigiúr 1,681 do 2012. Leis an gcomhréireacht idir líon na gcomhdhálacha agus líon na gcásanna tarchurtha, léirítear tosca amhail castacht agus deacracht na gcásanna agus an t-ionchur ardleibhéil idir-réitigh a theastaíonn chun díospóidí um chuíchóiri/laghdú costais a réiteach.


### Comhaontú Bhóthar Haddington

Tar éis cuireadh a fháil ón Rialtas chuig Coiste Earnála Poiblí ICTU le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 a athbhreithniú, iarradh ar an gCoimisiún plé a éascú idir an Rialtas mar fhostóir agus ceardchumainn na Seirbhíse Poiblí mar aon leis an gComhlachas Altraí

### Líon na gCásanna tarchurtha chuig an tSeirbhís Idir-réitigh 2011-2013




### Líon na gCruinnithe a d'éascaigh an tSeirbhís Idir-réitigh 2011-2013



Síciatracha (PNA) agus cumainn a ionadaíonn do na Gardaí agus do phearsanra airm ag gach céim. Thosaigh na díospóireachtaí sin go luath in 2013 agus d'eascair moladh astu a diúltaíodh i mballóid chomhiomlán na gceardchumann atá ar áireamh i gCoiste Earnála Poiblí ICTU.

I ndiaidh dhiúltú an chomhaontaithe mholta chuir an Coimisiún tús le babhta comhairliúcháin leis na ceardchumainn agus na Cumainn go léir agus leis an Rialtas mar fhostóir. Faoi dheireadh thug an Coimisiún cuireadh do na ceardchumainn agus na Cumainn go léir agus don Rialtas mar fhostóir le dul i ngleic le hidir-réiteach ar mhaithe le hiarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú. Sholáthraigh an tSeirbhís Idir-réitigh, trí pháirtíocht dhíreach na n-oifigeach go léir agus an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin, sraith de níos mó ná 150 comhdháil idir-réitigh ar leith thar laethanta fada, oícheanta agus deirí seachtaine. Faoi dheireadh d'eisigh an Coimisiún moltaí socraithe ar na ceardchumainn agus na Cumainn go léir agus ar an Rialtas mar fhostóir le haghaidh comhaontaithe don tréimhse uile 2013 go dtí 2016.

Ghlac na ceardchumainn agus na Cumainn go léir a raibh baint acu leis an bpróiseas leis na moltaí sin agus ghlac an Rialtas leo freisin. Tháinig Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016, ar a nglaoitear freisin Comhaontú Bhóthar Haddington, as na moltaí sin.

Bunaíodh roinnt Grúpaí Maoirseachta Ardleibhéil le fóram a sholáthar do phlé laistigh de na hEarnálacha éagsúla, le deacrachtaí feidhmithe ag eascairt as Chomhaontú Bhóthar Haddington a réiteach. Tá oifigigh na Seirbhíse Idir-réitigh mar chathaoirligh ar na Grúpaí Maoirseachta sin.

### Seirbhís um Eadráin san Ionad Oibre

Soláthraíonn an tSeirbhís um Eadráin san Ionad Oibre freagairt atá curtha in oiriúint do shaghsanna éagsúla ceisteanna agus díospóidí a thagann chun cinn i suímh oibre. Tá an tSeirbhís thar a bheith oiriúnach le tabhairt faoi dhíospóidí lena mbaineann grúpaí indibhidiúla nó grúpaí beaga ina bhfuil aighneas idirphearsanta, coimhlintí agus deacrachtaí ag daoine bheith ag obair le chéile.

Seachadann foireann eadránaithe an tseirbhís a cheaptar ó na Seirbhísí Idir-réitigh agus Comhairliúcháin agus a bhainistíonn an tSeirbhís Idir-réitigh. Le linn 2013 fuarthas 57 cás tarchurtha san iomlán, suas ó 54 in 2012. Fuarthas 21 cás tarchurtha ón earnáil phríobháideach agus 36 ón earnáil phoiblí. Bhí meascán cásanna i gceist, maidir le fostaithe indibhidiúla, agus bhain líon beag díobh le grúpaí beaga fostaithe. Áirítear i measc na gceisteanna tipiciúla a tháinig aníos i gcásanna arna dtarchur le haghaidh eadrána ceisteanna maidir le caidrimh idirphearsanta san ionad oibre, agus i dtaca le nósanna imeachta ginearálta casaoide agus araíonachta.

### Cathaoirleacht ar Fhóraim Idirbheartaíochta

De bhreis ar chathaoirleachta a dhéanamh ar chruinnithe na nGrúpaí Maoirseachta, soláthraíonn an Rannóg cathaoirligh freisin ar réimse fóram idirbheartaíochta. Le linn 2013 bhí feidhm cathaoirleachta ag an Rannóg ar Chomhchomhairle Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte, ar Chomhairle Idir-réitigh na Múinteoirí, ar Chomhairle Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil, ar Ghrúpa Forfheidhmithe na Seirbhíse Sibhialta, ar Fhóram Idir-réitigh agus Maoirseachta na Seirbhíse Príosún, ar Fhóram Idirbheartaíochta na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus ar Chomhchomhairlí Tionscail Tógála, Conraitheoireachta Leictreachais agus Clódóireachta na dTionscal Stáit.

### Nósanna Imeachta Achomhairc an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (ETB) – Achomhairc Staid 3 faoi Bhulaíocht, Ciapadh, Cóid Ghnéaschiaptha

In 2010, thoiligh an Coimisiún duine dá oifigigh a cheapadh le feidhmiú mar Oifigeach Neamhspleách Achomhairc faoi fhorálacha na gCód Cleachtais le Déileáil le Gearáin maidir le Bulaíocht, Ciapadh agus Gnéaschiapadh in Ionaid Oibre VEC. Ar 1 Iúil 2013, díscaoileadh na 33 Coiste Gairmoideachais (VECanna) agus cuireadh 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) ina n-áit. Anuas air sin, cuireadh polasaí

athbhreithnithe maidir le dul i ngleic le gearáin maidir le bulaíocht, ciapadh agus gnéaschiapadh i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair i leith. Leanann an Coimisiún d'Oifigeach Neamhspleách Achomhairc a sholáthar faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe.

In 2013, fuair an Coimisiún cúig achomharc faoin gCód. Ní bhfuarthas aon achomharc faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe.

### Nósanna Imeachta ETB Achomhairc – Achomhairc le Haghaidh Casaoidí ar Chéim 4

In 2010 d'aontaigh an Coimisiún le hiarraidh chomhpháirteach ó na ceardchumainn agus ón mbainistíocht in Earnáil VEC go gceapfaí duine dá n-oifigigh le feidhmiú mar Oifigeach Neamhspleách Achomhairc do chasaoidí ar Chéim 4 do bhaill foirne nach gcuimsítear faoin Acht Caidrimh Thionscail. Mar a tharlaíonn i gcás achomhairc chéim 3 leanann an Coimisiún d'Oifigeach Neamhspleách Achomhairc a sholáthar faoi nósanna imeachta achomhairc ETB. Níor éisteadh le haon achomharc faoin Nós Imeachta Casaoide in 2013.

### Nósanna Imeachta Achomhairc ETB – Achomhairc le Haghaidh Araíonachta ar Chéim 4

In 2011 d'aontaigh an Coimisiún le hiarraidh chomhpháirteach ó na ceardchumainn agus ón mbainistíocht in Earnáil VEC go gceapfaí duine dá n-oifigigh le feidhmiú mar Oifigeach Neamhspleách Achomhairc d'achomhairc ar Chéim 4 faoi na nósanna imeachta araíonachta don earnáil a aontaíodh ar bhonn náisiúnta. Mar a tharlaíonn i gcás achomhairc chéim 3 leanann an Coimisiún d'Oifigeach Neamhspleách Achomhairc a sholáthar faoi nósanna imeachta achomhairc ETB. Níor éisteadh le haon achomharc faoin gCéim seo in 2013.

### Binse Díospóidí an Tionscail Tógála

Rinne páirtithe Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe an tionscail tógála forbairt ar bhinse díospóidí – Binse Díospóidí an Tionscail Tógála (CIDT) – le freastal ar riachtanais shainiúla na hearnála. Tá oifigigh ón Rannóg Seirbhísí Idir-réitigh ina gcathaoirligh ar an mBinse. Glacann an tSeirbhís riaradh na seirbhíse mar chúram uirthi féin agus lean an t-ionchur sin ar aghaidh in 2013, tréimhse inar tarchuireadh sé chás san iomlán chuig an CIDT, ar sannadh cás amháin díobh le haghaidh éisteachta Binse iomláin. As an gcúig chás eile, réitíodh trí chás ar bhonn áitiúil chun tosaigh ar éisteacht Bhinse. Do na cásanna tarchurtha eile ní fhéadfaí toil na bpáirithe go léir a fháil le freastal ar CIDT.

### Ionchur oiliúna a sholáthraigh an tSeirbhís Idir-réitigh 2013

Chomh maith leis an oiliúint chuimsitheach a dhear agus a sholáthraigh an Coimisiún in 2013, sholáthraigh an tSeirbhís Idir-réitigh breis is seasca ionchur ar leith sa bhreis freisin do chláir shainiúla a shainaithin cliaint. Áiríodh ina measc cur i láthair ag sé chúrsa oiliúna déag do stíobhaird cheardlainne Mandate a eagraíodh do stíobhaird bunleibhéil, meánleibhéil agus ardleibhéil mar aon leis na hoifigigh lánaimseartha. Dearadh clár oiliúna sonrach idir-réitigh dhá lá agus cuireadh tús le seachadadh do ghníomhaígh in IMPACT ag deireadh 2013 agus lean an clár ar aghaidh in 2014.

Ina theannta sin, soláthraíodh seisiúin oiliúna agus eolais do na heagraíochtaí seo a leanas maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Coimsiún: IMPACT, ceardchumann na nOibrithe Cumarsáide, foireann acmhainní daonna Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, Nestlé Eas Géitine, Noonan Baile Átha Cliath agus Corcaigh, Comhairle Cathrach Chorcaí, AIB, mic léinn Ghnó ón 5ú agus ón 6ú bliain in St. Michael's College, Bóthar Ailesbury, mic léinn Ghnó ón 5ú agus ón 6ú bliain in Dominican College, Ascaill Uí Ghríofa, mic léinn Ghnó ón 2ra bliain i Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Conduit Ireland, Feidhmeannas Náisiúnta IBOA, Aturnaetha Ceantair IBOA, Comhdháil IBOA, Ospidéal Stewart, Sodexo agus Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána. Chuir an Coimisiún oiliúint ar fáil do thoscaireacht Eadránaithe ILO ón Macadóin freisin. Ina theannta sin, thionóil an tseirbhís cruinnithe le hOifigigh SIPTU maidir le hoiliúnt do stíobhaird cheardlainne.

### Seirbhís Luathréitigh

Seirbhís eadrána is ea an tSeirbhís Luathréitigh (ERS) a oibríonn an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Tríd an ERS, tairgtear eadráin i gcásanna a tarchuireadh chuig EAT agus chuig Seirbhís an Choimisinéara um Chearta le haghaidh breithnithe/molta. Tairgtear eadráin i gcásanna lena gcuimsítear díospóidí a tarchuireadh chuig Seirbhís an Choimisinéara um Chearta faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail agus gearáin arna ndéanamh faoi reachtaíocht maidir le Cearta Fostaíochta chuig Seirbhís an Choimisinéara um Chearta agus chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta. Bunaíodh an tSeirbhís i lár 2012 ar bhonn treoirscéime sé mhí. Ba é 2013 an chéad bhliain iomlán oibríochta.

Is éard is aidhm leis an tseirbhís deis luath a thabhairt do pháirtithe díospóide a gceisteanna a réiteach le cúnamh ó eadráin a sholáthraíonn Oifigeach um Réiteach Cásanna ar an nguthán. Is é an sprioc ná deis a chruthú le costais féideartha éisteachta foirmiúla agus cinnidh Coimisinéara um Chearta nó an Bhinse Achomhairc Fostaíochta (EAT), do na páirtithe féin agus don Stát, a sheachaint.

### Leagan Amach na Seirbhíse

Seachadann cúigear Oifigeach um Réiteach Cásanna an tseirbhís agus tá sí ag teacht le cuíchóiriú molta comhlachtaí um chearta fostaíochta i struchtúr dhá leibhéal arb éard é ionad ilbhreithnithe chéadchéime agus ionad ilbhreithnithe achomhairc. Ó thaobh na hoibríochta de, tá an tseirbhís ag freagairt do shaghsanna comhchosúla seirbhísí eadrána guthánbhunaithe a sholáthraíonn ACAS sa Ríocht Aontaithe agus an Ghníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais i dTuaisceart na hÉireann.

Tarlaíonn próiseas tosaigh le cásanna a roghnú sa Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais d'fhonn na cásanna a shainaithint a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad inréitithe trí eadráin. Déantar cásanna ina bhfuil an fhostóir tar éis dul faoi leachtú, mar shampla, a scagadh amach. Tar éis do chás a bheith roghnaithe, tairgtear an tseirbhís do na páirtithe agus ansin is faoi na páirtithe an cinneadh a dhéanamh má theastaíonn, nó mura dteastaíonn, uathu leas a bhaint aisti. Nuair a dhiúltaíonn ceachtar páirtí nó an dá pháirtí an tseirbhís, tarchuirtear an cás ar aghaidh gan mhoill le haghaidh éisteachta foirmiúla le Coimisinéir um Chearta nó leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta ar an ngnáthshlí. I gcásanna ina dtoilleann páirtithe ar an dá thaobh páirt a ghlacadh sa phróiseas, ceadaítear tréimhse suas go sé seachtaine le réiteach a fhiosrú trí eadráin arna stiúradh ag Oifigeach um Réiteach Cásanna. I gcásanna nach mbaintear aon socrú amach iontu, nó ina dtarraingítear siar an gearán, tarchuirtear an cás ar aghaidh le haghaidh éisteachta foirmiúla le Coimisinéir um Chearta nó leis an EAT.

### Measúnú Neamhspleách

Le linn thréimhse phíolótach 2012, baineadh leas as eadráin i 776 cás. Rinne RSM McClure Watters, gnólacht comhairleoirí a roghnaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, i ndiaidh próisis tairisceana, measúnú neamhspleách ar an gclár píolótach. Sainaithníodh sa mheasúnú sin go raibh rath ar an tseirbhís phíolótach i 33% de na cásanna ar pléadh leo tríd an tseirbhís, i 37% de chásanna Coimisinéara um Chearta agus i 26% de chásanna Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Mhol na comhairleoirí gur chóir díriú ar ráta réitigh de 60% go 80% cásanna ina mbaintear leas as an tseirbhís mar sprioc. Braitheann dul chun cinn maidir leis an ráta ratha sin ar roinnt cúinsí cumasúcháin a shainaithin na comhairleoirí mar seo a leanas:

(1) Infhaighteacht cinntí céadchéime foilsithe, réasúnaithe le cabhrú le hOifigigh um Réiteach Cásanna cuidiú le páirtithe le measúnuithe réalaíocha a dhéanamh ar thorthaí féideartha trí bhreithniú agus leis an dlí a thuiscint mar a bhaineann sé lena gcás.

(2) Socruithe a dhéanamh le cinntiú go soláthrófaí eadráin leis an ERS gar do dhátaí éisteachta breithnithe cláraithe nuair is mó is dócha go

mbeadh páirtithe dírithe ar réiteach a aimsiú (agus a chiallaíonn go fírinneach gur gá tréimhsí feithimh reatha a laghdú do shaghsanna áirithe éisteachta).

(3) Socruithe a dhéanamh leis a stádas dlíthiúil céanna a thabhairt do chomhaontuithe a rinneadh le cúnamh ón ERS is a thugtar do mholtaí/ do chinntí moltóirí.

**Soláthar Seirbhíse in 2013**

I rith na bliana dhírigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais ar scileanna a nOifigeach um Réiteach Cásanna a fhorbairt trí oiliúint agus tacaí oiriúnaithe arna seachadadh go seachtrach agus ag oifigigh comhghleacaí laistigh den eagraíocht. Áiríodh i measc na dtionscnamh taca freastal ar chomhdhálacha idir-réitigh, leas a bhaint as córas meantóireachta inmheánach, agus rochtain ar Choimisinéirí um Chearta mar chuid de chomhphlé struchtúra leanúnach dírithe ar chomhroinnt eolais. Ghlac Oifigigh um Réiteach Cásanna cuairteanna foghlama agus forbartha chuig an nGníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais i mBéal Feirste mar chúram orthu féin agus iad dírithe ar na gnéithe oibríochtúla de sholáthar seirbhíse mar aon le cultúr sheirbhís an LRA i dtaca le caidreamh le cliaint a thuiscint.

In 2013, thairg an tseirbhís eadráin i 2,313 cás roghnaithe agus ghlac an dá pháirtí leis an tairiscint i 1,308 de na cásanna sin – ráta glactha 56.5%. Réitíodh 471 de na cásanna sin le cúnamh ón ERS agus níor ghá iad a tharchur chuig éisteacht le Coimisinéir um Chearta ná leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta (EAT). Ba ráta réitigh 36% é sin.

**Rath na seirbhíse sa todhchaí**

Braithfidh rath na seirbhíse sa todhchaí ar na cúinsí cumasúcháin riachtanacha a bhaint amach agus ar athrú suntasach cultúrtha maidir leis an gcaoi a dtéann an Stát i ngleic le páirtithe i ndíospóidí fostaíochta, go háirithe maidir le ceisteanna a bhaineann le cearta fostaíochta. Bhraith páirtithe roimhe seo go minic ar dheiseanna socraithe a d'fhéadfadh teacht aníos ar lá éisteachta Coimisinéir um Chearta nó Binse Achomhairc Fostaíochta, le cásanna a réiteach ar bhealach nár chuir iallach ar an gcomhlacht breithnithe deimhniú a dhéanamh. I dtimpeallacht nua ina bhfuil an Stát gníomhach ag tairiscint eadráin, is é an dúshlán ná comhoibriú páirtithe a chinntiú maidir le leas a bhaint as an tSeirbhís Luathréitigh agus na buntáistí dóibh féin ón tSeirbhís sin a uasmhéadú.

# Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta



## Achomair Sheirbhíse an Choimisinéara um Chearta

I 1970, bunaíodh Achomair Seirbhís an Choimisinéara um Chearta, grúpa neamhspleách saineolaithe maidir le caidreamh oibreachais laistigh den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais, le díospóidí a réiteach a bhaineann le daoine aonair agus grúpaí beaga oibrithe i dtaca le ceisteanna laethúla mar gheall ar chaidreamh oibreachais. Le daichead bliain anuas, tháinig athrú ar an mbéim i dtreo gearáin a thugann níos mór agus níos mó oibrithe i gcorpas substaintiúil dlí fostaíochta atá ag dul i méid. Fir agus mná inniúla is ea na Coimisinéirí a bhfuil taithí acu agus a thagann ó lucht na gceardchumann agus ó lucht an ghó, a bhfuil méid suntasach eolais acu ar dhlí na fostaíochta agus a bhfuil taithí acu ar dhíospóidí san ionad oibre a réiteach. Is é cur chuige na Seirbhíse, anois mar a bhí i 1970, iarracht a dhéanamh tabhairt faoi dheacrachtaí ar bhealaí atá tapa, neamhdhleathaíoch agus dírithe ar réitigh.

Tháinig líon cásanna tarchurtha gan fasach chuig an tSeirbhís le deich mbliana anuas (2003-2013). Fuarthas 10,252 cás tarchurtha in 2013. Ba dhúshlán mór é an líon sin cásanna tarchurtha, go háirithe, ó iontráil sonraí go sceidealú cruinnithe agus céim na moltaí.

Le cúnamh ó fhoireann an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), tháinig feabhas ar an staid go dtí go raibh sí sásúil arís faoi dheireadh. Faoi dheireadh 2013, rinneadh tairiscint ar an gcéad éisteacht, i gcás tarchurtha, de ghnáth laistigh de thart ar 8-12 seachtaine, agus an tsealbhaíocht 3-seachtaine arna foráil sa reachtaíocht á cur san áireamh.

Cé go ndearnadh dul chun cinn chun déileáil le líon na gcásanna, b'éigean d'fhoireann na Seirbhíse páirt a ghlacadh i meithil éagsúla oibre freisin faoin gClár um Athchóiriú Caidrimh san Ionad Oibre, a raibh tús curtha acu leis an tionscnamh um obair na gcomhlachtaí um Chearta Fostaíochta a chuíchóiriú. I measc na ngníomhaíochtaí sin, go háirithe, tá tabhairt isteach foirm leictreonach aonair um ghearáin, athstruchtúradh na céad chóras bainistíochta tarchuir ar an tarchur sin a fháil, nuashonrú suímh ghréasáin an Choimisiúin agus páirtíocht in obair ullmhúcháin maidir le réiteach ITC a dhearadh agus a choimisiúnú le cur in áit córais éagsúla bhainistíochta chaidrimh le cliaint a úsáidtear faoi láthair laistigh de na Comhlachtaí um Chaidreamh san Ionad Oibre.

## Díospóidí ar Athló

Táthar ag leanúint le hiarrachtaí chun smacht a fháil ar líon na n iarratas chun díospóidí a chur ar athló.


## Scor

In mí Iúil 2013, chuaigh Joan Carmichael, Coimisinéir um Chearta, ar scor tar éis na blianta fada seirbhíse. Le linn a tréimhse oifige, ba mhór an cúnamh don Choimisiún an méid suntasach taithí agus saineolais a bhí ag an Uasal Carmichael.

Tá 12 Coimisinéir ag obair leis an tseirbhís faoi láthair, ag obair ar bhonn patrún éagsúil comhaontaithe láithreachta.

De réir mar a bhí cúrsaí in earnálacha eile na Seirbhíse Poiblí, bhí tionchar ag an moratorium earcaíochta ar an tSeirbhís ar gach leibhéal, lena n áirítear ar leibhéal na bainistíochta oibríochtúla.


## Cásanna Tarchuir Faighte de réir Achta




## Staitisticí Maidir le Cásanna Tarchuir de réir Achta

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-1990** | 1,182 | 1,470 | 1,521 | 1,542 | 1,143 | 1,304 | 1,282 |
| **An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997** | 1,541 | 1,516 | 1,577 | 1,396 | 1,288 | 1,308 | 1,930 |
| **An tAcht um Íoc Pá 1991** | 2,961 | 3,540 | 4,681 | 8,266 | 3,040 | 2,806 | 3,296 |
| **An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994** | 1,295 | 1,722 | 1,812 | 1,514 | 1,233 | 957 | 1,012 |
| **Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2005** | 1,038 | 1,566 | 2,110 | 1,588 | 1,355 | 1,271 | 981 |

## Líon na gCásanna Tarchurtha




## Staitisticí Maidir le Cásanna Tarchurtha a Fuarthas

| | |
|---|---|
| 2007 | 9,077 |
| 2008 | 10,900 |
| 2009 | 13,256 |
| 2010 | 15,671 |
| 2011 | 9,206 |
| 2012 | 8,852 |
| 2013 | 10,252 |

## Cásanna Tarchurtha don Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012

| | |
|---|---|
| 2012 | 171 |
| 2013 | 218 |

# Liosta de Threoracha an AE, na hAchtanna agus na Rialacháin faoina bhfuil feidhm ag Coimisinéirí um Chearta

1. An tAcht um Shaoire Uchtaíoch 1995 (Uimh. 2 de 1995)
2. An tAcht um Shaoire Uchtaíoch 2005 (Uimh. 25 de 2005)
3. An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001 (Uimh. 19 de 2001)
4. An tAcht um Bhanc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú) 2013 (Uimh. 26 de 2013)
5. An tAcht Carthanas 2009 (Uimh. 6 de 2009)
6. An tAcht Ceimiceán 2008 (Uimh. 13 de 2008)
7. An tAcht Iomaíochta 2002 (Uimh. 14 de 2002)
8. An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006 (Uimh. 4 de 2006)
9. An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Uimh. 19 de 2007)
10. An tAcht um Cheartas Coiriúil 2011 (Uimh. 21 de 2011)
11. An tAcht um Fhostaithe (Soláthar Faisnéise agus Comhairliúcháin) 2006 (Uimh. 9 de 2006)
12. An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (Uimh. 16 de 2006)
13. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe) 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007)
14. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Eorpach Teoranta Phoiblí) (Páirteachas Fostaithe) 2006 (I.R. Uimh. 623 de 2006)
15. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tuairisciú ar Tharluithe in Eitlíocht Shibhialta) 2007 (I.R. Uimh. 285 de 2007)
16. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Taistil in Eitlíocht Shibhialta) 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)
17. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)
18. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta) 2000 (I.R. Uimh. 488 de 2000)
19. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre Oibrithe Taistil atá Páirteach i Seirbhísí Trasteorann Comhoibritheacha san Earnáil Iarnróid) 2009 (I.R. Uimh. 377 de 2009)
20. An tAcht um Beartais Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2010 (Uimh. 38 de 2010)
21. An tAcht Sláinte 2007 (Uimh. 23 de 2007)
22. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Uimh. 26 de 1946)
23. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Uimh. 14 de 1969)
24. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1976 (Uimh. 15 de 1976)
25. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Uimh. 19 de 1990)
26. An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 (Uimh. 4 de 2004)
27. An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012 (Uimh. 32 de 2012)
28. An tAcht um Iascath Intíre 2010 (Uimh. 10 de 2010)
29. An tAcht um Áiseanna Saothair (Leasú) 2009 (Uimh. 38 de 2009)
30. An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 (Uimh. 34 de 1994)
31. Rialacháin um Chosaint Mháithreachais (Díospóidí agus Achomhairc), 1995 (I.R. Uimh. 17 de 1995)
32. An tAcht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004 (Uimh. 28 de 2004)

33. An tAcht um Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 (Uimh. 34 de 2009)
34. An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Uimh. 5 de 2000)
35. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Tosach Feidhme), 2000 (I.R. Uimh. 96 de 2000)
36. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 Ráta in aghaidh na hUaire um Phá Íosta Náisiúnta), 2000 (I.R. Uimh. 95 de 2000)
37. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta) (Uimh. 2), 2000 (I.R. Uimh. 201 de 2000)
38. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta) 2003 (I.R. Uimh. 250 de 2003)
39. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta) 2005 (I.R. Uimh. 203 de 2005)
40. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta) 2006 (I.R. Uimh. 667 de 2006)
41. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Alt 11) 2011 (I.R. Uimh. 13 de 2011)
42. An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimh. 20 de 1997)
43. An tAcht um Shaoire Thuismitheoireachta, 1998 (Uimh. 30 de 1998)
44. Rialacháin um an Acht um Shaoire Thuismitheoireachta (Díospóidí agus Achomhairc), 1999 (I.R. Uimh. 6 de 1999)
45. An tAcht um Shaoire Thuismitheoireachta (Leasú) 2006 (Uimh. 13 de 2006)
46. An tAcht um Íoc Pá, 1991 (Uimh. 25 de 1991)
47. An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2010 (Uimh. 33 de 2010)
48. An tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 (Uimh. 49 de 1998)
49. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 (Uimh. 29 de 2003)
50. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45 de 2001)
51. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach) 2012 (Uimh.13 de 2012)
52. An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) 2007 (Uimh. 27 de 2007)
53. An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 (Uimh. 16 de 1996)
54. An tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa san Ionad Oibre 2005 (Uimh.10 de 2005)
55. An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 (Uimh. 5 de 1994)
56. An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (Uimh. 10 de 1977)
57. An tAcht um Dhífhostú Éagórach (Leasú), 1993 (Uimh. 22 de 1993)

# Seirbhísí Corparáideacha



## Forbhreathnú ar an tSeirbhís Chorparáideach

Is é oifig Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha post roinnte leis an tSeirbhís Chomhairleach um Chaidreamh Tionsclaíoch. Feidhmíonn an coinneálaí freisin mar Rúnaí an Bhoird mar aon le Rúnaí an Choiste Iniúchta. Cuidíonn Príomhoifigeach Cúnta amháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin amháin agus beirt Oifigeach Feidhmiúcháin le Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha. Tá an Stiúrthóir freisin ina Cheannasaí Gníomhach ar Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta.

## Cruinnithe an Bhoird

Bhí 11 cruinniú an Bhoird le linn 2013. Ar feitheamh thoradh an Bhille um Chaidreamh san Ionad Oibre, thoiligh an tAire téarmaí cúigir comhaltaí den Bhord a athnuachan "le héifeacht ón 7 Iúil 2013 ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mí nó go dtí go ndéanfaí an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais a dhíbhunú, cibé acu is luaithe".

Bhí tinreamh chomhaltaí an Bhoird i rith na bliana mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Ms Breege O'Donoghue | 9 |
| Mr Brendan McGinty | 10 |
| Mr Fergus Whelan | 7 |
| Mr John Hennessy | 10 |
| Mr Peter McLoone | 10 |
| Mr Gerard Barry* | 4 |
| Mr Iarla Duffy* | 5 |

**Chríochnaigh a théarma mar chomhalta den Bhord an 7 Iúil 2013*

Ba mhaith leis an gCoimisiún an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil le hIarla Duffy agus le Gerald Barry as a n-éacht agus a seirbhís den chéad scoth d'obair an Choimisiúin le linn a dtéarmaí oifige.

## Cód Cleachtais maidir le Rialachas agus Iompar an LRC

Cuireann an Bord nósanna imeachta i bhfeidhm de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Ina theannta sin, ghníomhaigh an Bord agus an Coimisiún i gcomhréir le téarmaí "Cód Cleachtais maidir le Rialachas agus Iompar an LRC" na heagraíochta féin.

## An Coiste Iniúchta

Thionóil an Coiste Iniúchta trí huaire i rith 2013:

- 28 Márta,
- 2 Bealtaine agus
- 25 Deireadh Fómhair

Is é ról an Choiste Iniúchta, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais laistigh den Choimisiún, tuairisc agus comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta agus don Bhord maidir le hábhair rialaithe inmheánaigh. Seachfhoinsítear an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh chuig cleachtaí neamhspleách agus déantar a pleananna Iniúchta beartaithe a mheasúnú agus faomhann an Coiste iad seo de réir mar is gá agus i gcomhthéacs cláir struchtúraigh de ghníomhachtaí lena gcinntítear go

ndéantar scrúdú ar gach gné ábhartha de ghníomhaíocht an Choimisiúin ar feadh tréimhse réamhshainithe.

Agus pleananna Iniúchta á meas ag an Coiste, tá an Coiste i gcónaí ar an eolas faoi fhorbairtí ar nós Treoirlínte maidir le Rialachas Corparáideach athraithe chun dáta, dea-chleachtas agus an réimse is na mionsonraí atá ag dul i méid dá bharr, maidir le dualgais chomhlíonta ar an eagraíocht agus ar phearsanra bainistíochta araon de réir mar a achtaítear reachtaíocht, rialacháin agus cóid chleachtais nua. Tar éis don Choiste Iniúchta na cáipéisí ábhartha ón Iniúchóir a mheas, bhain an Coiste an tátal astu go raibh córas éifeachtach rialúcháin inmheánaigh i bhfeidhm sa Choimisiún in 2013.

### Eitic san Oifig Phoiblí

Tugadh faisnéis do gach ball an Bhoird, na Coimisinéirí um Chearta agus oifigigh ábhartha an Choimisiúin mar gheall ar a ndualgais, agus/nó chuir siad na tuairisceáin chuí i gcrích faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, mar is gá.

### Clár Rioscaí

Rinne an Fhoireann Ardbhainistíochta athbhreithniú ar an gClár Rioscaí do 2013 agus phléigh an Coiste Iniúchta agus an Bord é i mí na Bealtaine 2013.

### Cruinniú na nGníomhaireachtaí Idirnáisiúnta

Bhí an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC) agus an Ghníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais (LRA) – Tuaisceart Éireann ina n-óstaigh do chruinniú/do chomhdháil gníomhaireachtaí idirnáisiúnta (comhlachtaí réitigh díospóidí) i mBaile Átha Cliath/Béal Feirst ón 29 Iúil go dtí an 2 Lúnasa 2013. Ba é aidhm na comhdhálacha peirspictíocht idirnáisiúnta a chur ar fáil maidir le caidreamh oibreachais agus fostaíochta.

San áireamh sa tinreamh bhí Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Stiúrthóirí Seirbhíse ó na Seirbhísí Feidearálacha Eadrána agus Idir-réitigh (FMCS) (Stáit Aontaithe Mheiriceá), ó na Seirbhísí Comhairleacha, Idir-réitigh agus Eadrána (ACAS) (Ríocht Aontaithe), ón nGníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais (LRA) (Tuaisceart Éireann), ón gCoimisiún um Obair Chóir (FWC) (an Astráil), ó Bhord um Chaidreamh Oibreachas Cheanada (CIRB) (Ceanada), ón Aireacht Nuálaíochta Gnó agus Fostaíochta (MBIE) sa Nua-Shéalainn, ón gCoimisiún um Idir-réiteach Idirghabháil agus Eadráin (CCMA) (an Afraic Theas). Bhí an Speisialtóir Sinsearach Dlí Fostaíochta agus Caidrimh Oibreachais ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO) i láthair freisin.

I measc na dtopaicí a pléadh bhí na hábhair seo a leanas:

- Cómhargáil / Saoirse Comhlachais – Treochtaí Éiritheacha
- Déine/IMF/EU, Athruithe ar Sheirbhísí Poiblí, ar Phá agus ar Choinníollacha agus beartas rialtais maidir le Caidreamh Oibreachais
- Múnla Caidreamh Fostaíochta atá ag Athrú: Conarthaí, Pinsin, Ilchineálacht agus Tionchar Imirce Lucht Oibre – rás chuig an mbun.
- Ról Comhlachtaí Réitigh Díospóidí Reachtúla – Nirt agus Laigí.

### Córas um Fheidhmiúchán Forbartha Bainistithe (PMDS)

Tá an Coimisiún tiomanta dá chinntiú go n-úsáidtear dea-chleachtas maidir le seachadadh gach gné den PMDS d'fhonn feabhas a chur ar fhorbairt na foirne agus chun a chinntiú go bhfuil bealach le haghaidh cumarsáide dhá-bhealach cuiditheach i bhfeidhm. Rinneadh Próifílí Róil agus Athbhreithnithe Eatramhacha ar shlí thráthúil do gach ball d'fhoireann an Choimisiúin. Spreagtar an soláthar aiseolais aníos mar ghné den phróiseas.

### Cuntais Bhliantúla an Choimisiúin 2013

Cuirtear na Cuntais Iniúchta don bhliain 2012 san áireamh sa Tuarascáil seo.

Ina theannta sin, cuirtear na Cuntais neaminiúchta don bhliain 2013 san áireamh freisin.

Cuirfear tús leis an bpróiseas de scrúdú a dhéanamh ar chuntais 2013 ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go luath.

Críochnófar aighneacht na gCuntas Iniúchta don Aire agus an próiseas de na Cuntais a chur faoi bhráid an Oireachtais chomh tapa agus is féidir uair agus a bheidh an nós imeachta iniúchta agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste curtha i gcrích.

### Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh in 2013

Is ar mhaithe lenár bhfoirgnimh oifige i dTeach Tom Johnson agus i dTeach Landsdúin a reáchtáil ar bhonn laethúil is mó a úsáideann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais fuinneamh. Roinntear úsáid fuinnimh sa dá fhoirgneamh leis na tionóntaí, agus tá an LRC freagrach as 22% de Theach Tom Johnson agus as 9.38% i dTeach Landsdúin.

In 2013, ba é 424,838 KWh fuinnimh an úsáid iomlán, agus is éard a bhí ann ná:

- 199,009 KWh leictreachais;
- 225,829 KWh gáis.

### Gníomhaíochtaí arna gCur i gCríoch in 2013

In 2013 ghabh an LRC réimse tionscnamh maidir le feidhmiú fuinnimh, lena n-áirítear:

- Cuireadh lá eolais ar bun don fhoireann le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le feasacht a ardú maidir le húsáid fuinnimh.
- Ghlacamar páirt sa chóras nua SEA ar líne d'fhonn ár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (IR 542 de 2009)
- Cruinnithe rialta lenár ngníomhaire um monatóireacht ar fhuinneamh in Aramark le húsáid agus feidhmiú fuinnimh i dTeach Tom Johnson a phlé.
- Lean an Oifig d'iarrachtaí úsáid fuinnimh a laghdú trí chinntiú go múchtar trealamh leictreach agus soilse ag am scoir gnó gach lá.

### Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2014

Cuirfear iniúchadh fuinnimh i gcríoch le linn 2014 le cinneadh an bhfuil aon réimse eile inar féidir fuinneamh a shábháil. Díreofar i bhfeachtais feasachta fuinnimh LRC ar mhonatóireacht níos dlúithe ar na sceidil ama théimh agus leanfar de mheabhrú do bhaill foirne trealamh oifige agus soilse a mhúchadh. Ós rud é nach leis an LRC Teach Tom Johnson, tá teorainn leis na gníomhaíochtaí is féidir a shaothrú (m.sh. fuinneoga a athchur, feabhas a chur ar insliú srl.), ach leanfaidh sé, áfach, de mhonatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus smacht a choinneáil uirthi.

## Íocaíocht Phras de Chuntais

**Tuairisc ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas**

Tugtar tuairisc thíos ar chleachtais íocaíochta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, de réir mar a éillítear leis an Acht, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013:

1. I gcomhréir le cinneadh S29296 ón Rialtas an 2 Márta 2011, tá an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais tiomanta do gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá ó shonrasc bailí a fháil.
2. Tá nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le gach sonrasc a rianú agus le cinntiú go ndéanfaí íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá le comhlíonadh tráthúil a chinntiú.
3. Nuair is gá, íocfar ús íocaíochta praise i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
4. Foilsítear Tuarascálacha Ráithiúla Íocaíochta Praise faoin rannóg "Faisnéis do Sholáthraithe" den suíomh gréasáin.

| **Tréimhse Clúdaithe: 1 Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2013** | | | |
|---|---|---|---|
| **Sonraí** | **Uimhir** | **Luach (€)** | **Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh** |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2013** | 1,061 | 543,603.18 | 100 |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá** | 1,059 | 542,818.18 | 99.8% |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de thréimhse idir 16 lá agus 30 lá** | 2 | 785.00 | 0.2% |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh sa bhreis ar 30 lá** | 0 | 0 | 0 |
| **Sonraisc faoi dhíospóid** | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 1,061 | 543,603.18 | 100 |

## Caibidil a Trí



# RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

# Ráitis Airgeadais Iniúchta 2012

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

**Clár Ábhair**


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le freagrachtaí an Choimisiúin | 38 |
| Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais | 39 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 40 |
| Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta | 41 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 42 |
| Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | 43 |
| Clár Comhardaithe | 44 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 45 |

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

De réir Alt 31 (1) den Acht Caidrimh Thionscail 1990 ceanglaítear ar an gCoimisiún Ráitis Airgeadais a ullmhú sa tslí is go bhféadfadh an tAire Post, Fiontar, agus Nuálaíochta iad a fhormheas tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis sin á ullmhú, ní mór don Choimisiún:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantach mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún ag feidhmiú;
- a shonrú cibé ar leanadh nó nár leanadh na caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, lena nochtar go réasúnta cruinn staid airgeadais an Choimisiúin am ar bith, agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais le halt 31(1) den Acht. Tá an Coimisiún freagrach freisin as sócmhainní an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a chosaint agus, mar sin de, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun aon chalaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 13 Nollaig 2013*



John Hennessy
Comhalta an Choimisiúin
*Dáta: 13 Nollaig 2013*

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

## Freagracht as Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Chathaoirleach, aithním freagracht an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar agus go mbraitear in am tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an gCoimisiún chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní an Choimisiúin a chosaint; agus
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar gach leibhéal den Choimisiún.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- Nádúir, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an Choimisiúin a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a nglacann an Coimisiún leis;
- Dealraitheacht na rioscaí aitheanta a d'fhéadfaí tarlú a mheas– tá clár riosca i bhfeidhm;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Choimisiúin chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú; agus
- Measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialaithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear astu.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. San áireamh go háirithe tá:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad míosúil a ndéanann an Coimisiún athbhreithniú agus comhaontú air;
- Athbhreithnithe rialta ón gCoimisiún ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhais;
- Treoirlínte ceannacháin agus formheasta sainmhínithe go soiléir; agus
- Smachta bainistíochta tionscadail fhoirmiúla.

D'fhostaigh an Coimisiún comhairleoir, ar bhonn conartha, mar iniúchóir inmheánach d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Faightear an t-eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú de chuid an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Coiste Iniúchta, ó na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais agus ó bharúlacha a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním, i leith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2012, go bhfuil athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar éifeachtacht an chórais um rialúcháin inmheánacha airgeadais.

Sínithe thar ceann an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 13 Nollaig 2013

# Ráiteas maidir le Polasaithe le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

### Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990. Sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, cuimsítear an ráiteas maidir le polasaithe chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi Alt 31 den Acht, agus de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

### Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, chun a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de fhreagracht orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus a n-oibriúchán.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh Chaighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

### Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Mar chuid den iniúchadh, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, i ndóthain fianaise chun urrús réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Choimisiúin, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh go fónta iad
- réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

### Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin amhail 31 Nollaig 2012 agus ar a ioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2012.

Is é mo thuairim gur choinnigh An Coimisiún leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

### Nithe a ndéanaim Tuairisc mar Eisceacht orthu

Tugaim tuairisc mar eisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- má bhí nóta déanta agam d'aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nár chomhlíonn na hidirbhearta na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- mura léiríonn an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Choimisiúin leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, or
- má aimsím go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an tslí a bhfuil gnó poiblí á dhéanamh.

Níl aon ní agam le tuairisc maidir leis na nithe sin a mheastar gur tuairisciú mar eisceacht iad.



**Andrew Harkness**
**Le haghaidh agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**19 Nollaig 2013**

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

## 1 Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin mar atá sainithe thíos, agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta ghinearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Leantar na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na Ráitis Airgeadais ainmnithe.

## 2 Deontais Oireachtais

Tá an t-ioncam sonraithe ar bhonn:

- Fáltais airgid tirim ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta;
- Íocaíochtaí a rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta thar ceann an Choimisiúin.

## 3 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Úsáideann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais íostairseach caipitlithe de € 1,000. Sainítear sócmhainní seasta ag a gcostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne thar a saol úsáideach measta a dhíscríobh ar bhonn líne dírí mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán, Daingneáin agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh | 20% in aghaidh na bliana |

## 4 Cuntas Caipitil

Seasann an cuntas caipitil don mhéid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach agus luach na sócmhainní a aistríodh chuig an gCoimisiún.

## 5 Pinsin

Feidhmíonn an Coimisiún scéim pinsean sochair sainmhínithe neamh-ranníocach d'Oifigeach amháin a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil. Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin leasa pinsin tuillte sa tréimhse. Aithnítear méid atá cothrom leis an táille pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inaisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Seasann dliteanais phinsean do luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí a tuilleadh go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha na bpinsean don tsócmhainn chomhfhreagrach atá le bheith aisghafa sa todhchaí ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## 6 Stoic

Níl aon ghlanluach inréadaithe ag baint le stoic fhoilseacháin agus pháipéarachais agus ní ghlactar leo mar shócmhainní.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais


**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

| | Nótaí | € | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | |
| Deontais Oireachtais | 1 | | 4,597,572 | 4,958,078 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin | 5(a) | | 142,000 | 137,000 |
| | | | 4,739,572 | 5,095,078 |
| Aistriú (ón) / go dtí an Cuntas Caipitil | 2 | | 40,628 | 51,722 |
| | | | 4,780,200 | 5,146,800 |
| **Caiteachas** | | | | |
| Tuarastail agus costais ghaolmhara | 3 | 3,629,832 | | 3,867,422 |
| Taisteal agus cothú | | 261,543 | | 284,624 |
| Táillí chomhaltaí an Choimisiúin | 6 | 92,340 | | 92,340 |
| Seomraí cruinnithe ar cíos | | 99,995 | | 123,479 |
| Stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige | | 41,641 | | 36,277 |
| Postas, iompar agus teileafón | | 127,172 | | 160,844 |
| Siamsaíocht agus lónadóireacht | | 3,936 | | 11,047 |
| Taighde | | - | | 14,280 |
| Fóntais agus cothabháil Oifige | | 178,659 | | 170,937 |
| Táille iniúchta | | 8,225 | | 8,225 |
| Táillí comhairleoireachta agus gairmiúla | | 50,653 | | 77,957 |
| Ilghnéitheach | | 33,301 | | 37,554 |
| Clódóireacht | | 12,989 | | 26,640 |
| Oiliúint | | 20,301 | | 14,305 |
| Costais phinsin | 5(a) | 142,000 | | 137,000 |
| Athchóiriú | | 23,412 | | - |
| Dímheas | | 62,975 | | 86,917 |
| Caillteanas ar dhiúscairt na sócmhainní seasta | | - | | 591 |
| | | | 4,788,974 | 5,150,439 |
| **Easnamh don bhliain** | | | (8,774) | (3,639) |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | | | 92,901 | 96,540 |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2012 | | | 84,127 | 92,901 |

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.
Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas maidir leis na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 13 Nollaig 2013*



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
*Dáta: 13 Nollaig 2013*

# Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**


| | Nóta | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | | (8,774) | (3,639) |
| Gnóthachain taithí ar dhliteanais scéime pinsin | | 52,000 | 57,000 |
| Athruithe sna boinn tuisceana atá taobh thiar de luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | | - | - |
| **Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin** | | 52,000 | 57,000 |
| **Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha** | 5(e) | (52,000) | (57,000) |
| **Caillteanas aitheanta iomlán don bhliain** | | (8,774) | (3,639) |

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas maidir leis na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 13 Nollaig 2013*



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
*Dáta: 13 Nollaig 2013*

# Clár Comhordaithe

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

| | Nótaí | € | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 9 | | 132,213 | 172,841 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 10 | 107,633 | | 100,056 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 11 | 74,151 | | 80,719 |
| | | 181,784 | | 180,775 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | |
| Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | 12 | 97,658 | | 87,875 |
| | | 97,658 | | 87,875 |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | | | 84,126 | 92,900 |
| **Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha Roimh Phinsean** | | | 216,339 | 265,741 |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | 5(d) | | 1,470,000 | 1,380,000 |
| Dliteanais phinsin | 5(b) | | (1,470,000) | (1,380,000) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | | 216,339 | 265,741 |
| **Ionadaithe ag:** | | | | |
| Cuntas Caipitil | 2 | | 132,212 | 172,840 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | | | 84,127 | 92,901 |
| | | | 216,339 | 265,741 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas maidir leis na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15.

Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 13 Nollaig 2013*

Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
*Dáta: 13 Nollaig 2013*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

## 1 Deontais Oireachtais

| | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| Is mar seo a leanas ar thug An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maoiniú deontais i rith na bliana: | | |
| Íoctha leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais | 889,000 | 1,009,000 |
| Íoctha go díreach ag an Roinn | 3,708,572 | 3,949,078 |
| | 4,597,572 | 4,958,078 |

## 2 Cuntas Caipitil

| | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | 172,840 | 224,562 |
| **Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | |
| Ioncam curtha le ceannacháin Sócmhainní Seasta | 22,347 | 35,786 |
| Glanluach leabhar na sócmhainní diúscartha | - | (591) |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas | (62,975) | (86,917) |
| | (40,628) | (51,722) |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig | 132,212 | 172,840 |

## 3 Tuarastail agus Costais Ghaolmhara

Tá na baill foirne go léir, seachas an Phríomhfheidhmeannach agus an 13 Coimisinéir um Chearta, ina státseirbhísigh arna gceapadh don Choimisiún ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

San áireamh sa mhuirear de €3,629,832 (2011: €3,867,422) tá táillí de €1,076,245 (2011: €1,284,719) is iníoctha leis an 13 Coimisinéir um Chearta.

B'ionann líon iomlán na foirne arna bhfostú amhail 31 Nollaig, 2012 agus 47 (2011: 50) le costas tuarastail de €2,461,247 (2011: €2,582,994).

## 4 Príomhfheidhmeannach

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de luach €168,000 (2011: €168,000). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais i rith na bliana. Fuair an Príomhfheidhmeannach suim de €12,322 (2011: €10,071) i leith taistil agus cothaithe. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamlárach aoisliúntais le sochair sainithe na hearnála poiblí.

## 5 Pinsean

**(a) Anailís ar na costais phinsean iomlána a gearrtar ar Chaiteachas**

| | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | 66,000 | 66,000 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean | 76,000 | 71,000 |
| Muirear pinsin sa bhliain | 142,000 | 137,000 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

**(b) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin i rith na bliana airgeadais**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir | 1,380,000 | 1,300,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 66,000 | 66,000 |
| Costas úis | 76,000 | 71,000 |
| Gnóthachan achtúireach | (52,000) | (57,000) |
| Pinsin a íocadh le linn na bliana | - | - |
| Glandliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig | 1,470,000 | 1,380,000 |

**(c) Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsean**

Bhí an Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin i rith na bliana arna aithint san Ioncam agus Caiteachas mar seo a leanas:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha | 142,000 | 137,000 |
| Deontas stáit curtha i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc | 0 | 0 |
| | 142,000 | 137,000 |

**(d) Maoiniú iarchurtha do phinsin**

Aithníonn an Coimisiún na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsean ar bhonn thacar na mbonn tuisceana atá sainmhínithe thuas agus de roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. I measc na himeachtaí sin tá an bunús reachtúil do bhunú na scéimeanna pinsin, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear próiseas na meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an maoiniú seo ar aghaidh chun suimeanna dá leithéid a chomhlíonadh i gcomhréir le cleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail 31 Nollaig 2012 agus €1,470,000 (2011: €1,380,000).

**(e) Stair na n-oibleagáidí sochair sainithe**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Oibleagáidí sochair sainithe | 1,470,000 | 1,380,000 |
| Caillteanais /(gnóthachain) taithí ar dhliteanais scéime: | | |
| Méid | (52,000) | (57,000) |
| Céatadán de dhliteanais scéime | (4%) | (4%) |
| Is ionann an caillteanas achtúireach carnach aitheanta sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán agus €228,000 | | |

**(f) Cur síos ginearálta ar an scéim**

Is éard atá sa scéim pinsin ná socrú pinsin de shochar sainithe tuarastail le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin "mhúnla" de scéime na hearnála poiblí. Bhí an luacháil úsáidte do nochtaí FRS17 (Athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán arna dátú an 15 Feabhra ag achtúire neamhspleách cáilithe ag tógáil cuntais de riachtanais an FRS san áireamh chun go ndéanfar measúnú ar dhliteanais na scéime amhail 31 Nollaig 2012.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha mar seo a leanas:

| | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 4% | 4% |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | 4% | 4% |
| Ráta lascaine | 5.5% | 5.5% |
| Ráta boilscithe | 2% | 2% |
| Meánionchas saoil: | | |
| Fear 65 bliain d'aois | 22 | 22 |
| Bean 65 bliain d'aois | 25 | 25 |

## 6 Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin

Is mar seo a leanas atá na táillí bliantúla iníoctha le Comhaltaí an Choimisiúin:

| | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |
| Gnáthchomhaltaí | 71,820 | 71,820 |
| | 92,340 | 92,340 |

## 7 Liosta Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin

| | Táillí 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| Breege O'Donoghue (Cathaoirleach) | 20,520 | 20,520 |
| Gerard Barry | 11,970 | 11,970 |
| Iarla Duffy | 11,970 | 11,970 |
| Brendan McGinty | 11,970 | 11,970 |
| John Hennessy | 11,970 | 11,970 |
| Peter McLoone | 11,970 | 11,970 |
| Fergus Whelan | 11,970 | 11,970 |

An méid a íocadh le Comhaltaí an Choimisiúin in 2012 i leith:

| | € | € |
|---|---|---|
| Speansais mhíleáiste | 3,861 | 3,223 |
| Speansais chothaithe | 1,417 | 1,232 |
| Iomlán a íocadh | 5,278 | 4,455 |

## 8 Cíos agus Rátaí

Feidhmíonn an Coimisiún ó oifigí atá curtha ar fáil ar bhonn cíosa saor in aisce ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

## 9 Sócmhainní Seasta

| | Troscán, Daingneáin agus Feistis | Trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** | **€** |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | 437,109 | 631,966 | 1,069,075 |
| Breiseanna sa Bhliain | 18,179 | 4,168 | 22,347 |
| Diúscairtí sa Bhliain | - | (51,635) | (51,635) |
| Amhail 31 Nollaig 2012 | 455,288 | 584,499 | 1,039,787 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | 316,582 | 579,652 | 896,234 |
| Muirear don Bhliain | 40,235 | 22,740 | 62,975 |
| Dímheas ar Dhiúscairtí | - | (51,635) | (51,635) |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 356,817 | 550,757 | 907,574 |
| **Glan-luachanna leabhair** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 98,471 | 33,742 | 132,213 |
| Amhail an 31 Nollaig 2011 | 120,527 | 52,314 | 172,841 |

## 10 Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe | 13 | 5,167 |
| Réamhíocaíochtaí | 29,602 | 16,622 |
| OPW | 78,018 | 78,267 |
| | 107,633 | 100,056 |

## 11 Banc agus Airgead Tirim

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntas reatha | 72,583 | 79,181 |
| Cuntas taisce | 1,333 | 1,333 |
| Mionairgead | 235 | 205 |
| | 74,151 | 80,719 |

## 12 Creidiúnaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhruithe | 89,433 | 79,650 |
| Táille Iniúchta | 8,225 | 8,225 |
| | 97,658 | 87,875 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

## 13 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais atá faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar, agus Nuálaíochta. Fuair an Coimisiún cúnamh deontais ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus, de bharr idirbhearta ábhartha éagsúla, breathnaítear ar an Roinn seo mar pháirtí gaolmhar.

Ghlac an Bord na nósanna imeachta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit maidir leis an nochtadh suime ag comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain.

Níor tharla aon idirbhearta sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon suim thairbheach ag comhaltaí an Bhoird.

## 14 Gnóthas Leantach

I mí Iúil 2011 d'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur mhian leis athchóiriú a dhéanamh ar fheidhmiú chóras feidhmithe an Stáit maidir le Cearta Fostaíochta agus Caidrimh Thionscail (ERIR). Is é an t-athchóiriú atá beartaithe ná an cúig chomhlacht um cearta fostaíochta de chuid an Stáit a shruthlíniú: An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT), an Binse Comhionannais agus an Chúirt Oibreachais.

Tá sé i gceist ag an Aire deireadh a chur leis an gCoimisiúin um Chaidreamh Oibreachais mar chomhlacht reachtúil neamhspleách lena n-áirítear ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus a chuid freagrachtaí reachtúla mar Oifigeach Cuntasaíochta, trí Choimisiúin nuabhunaithe um Chaidreamh san Ionad Oibre nua-chomhdhéanta a bhunú.

Tá an reachtaíocht á dréachtú faoi láthair agus tá sí forbartha go maith. Tá tús áite á thabhairt don reachtaíocht ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte. Tá an tAire tiomanta don reachtaíocht a fhoilsiú agus a achtú go luath, d’fhonn na struchtúir mholta nua a bheith socraithe le linn 2014.

Ós rud é go ndéanfar feidhmeanna, oibrithe, foireann, sócmhainní agus dliteanais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a aistriú chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre nua ar bhonn gnóthais leantaigh, is iomchuí go n-ullmhófaí na cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 15 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 13 Nollaig 2013.



# CUNTAIS NEAMH-INIÚCHTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

# CUNTAIS NEAMH-INIÚCHTA 2013

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

**Clár Ábhair**


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le freagrachtaí an Choimisiúin | 52 |
| Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais | 53 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 54 |
| Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta | 55 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 56 |
| Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | 57 |
| Clár Comhardaithe | 58 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 59 |

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**


De réir Alt 31 (1) den Acht Caidrimh Thionscail 1990 ceanglaítear ar an gCoimisiún Ráitis Airgeadais a ullmhú sa tslí is go bhféadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta iad a fhormheas tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis sin á n-ullmhú, ní mór don Choimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag feidhmiú;
- a shonrú cibé ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais an Choimisiúin, agus a chumasaíonn dó a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais i gcomhréir le halt 31(1) den Acht. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as sócmhainní an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 10 Iúil 2014*



John Hennessy
Comhalta an Choimisiúin
*Dáta: 10 Iúil 2014*

**NÓTA:** IS RÁITIS AIRGEADAIS NEAMHINIÚCHTA IAD SEO.

# Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

## Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Mar Chathaoirleach, aithním freagracht an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní faoi chosain, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar earráidí nó ar mhírialtachtaí ábhartha agus go mbraitear iad in am tráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an gCoimisiún chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní an Choimisiúin agus chun cosaint a thabhairt dóibh; agus
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar gach leibhéal den Choimisiún

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Choimisiúin a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí is inghlactha dar leis;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta - tá clár rioscaí i bhfeidhm;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Choimisiúin chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú; agus
- Measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear astu.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. San áireamh go háirithe tá:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad míosúil a ndéantar é a athbhreithniú agus a chomhaontú ag an gCoimisiún;
- Athbhreithnithe rialta ón gCoimisiún ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- Treoirlínte ceannacháin agus formheasta sainmhínithe go soiléir; agus
- Smachta bainistíochta tionscadail fhoirmiúla.

D'fhostaigh an Coimisiún comhairleoir, ar bhonn conartha, mar iniúchóir inmheánach d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánaigh.

Faightear an t-eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú de chuid an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialuithe airgeadais inmheánaigh curtha ón Iniúchóir Inmheánaigh, ón gCoiste Iniúchta, ó na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus ó bharúlacha a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním, i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013, go bhfuil athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar éifeachtacht an chórais um rialúcháin inmheánacha airgeadais.

Sínithe thar ceann an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 10 Iúil 2014*

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

Níor cuireadh tús leis an bpróiseas le hiniúchadh chuntais an Choimisiúin do 2013 a thabhairt chun críche ag am scríofa na tuarascála seo.

Foilseofar na cuntais iniúchta nuair atá an t-athbhreithniú bliantúil críochnaithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus nuair atá an deimhniú ábhartha eisithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

# Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

## 1 Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin mar atá sainithe thíos, agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta atá inghlactha i gcoitinne faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Leantar Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, faoi mar a thagann siad i bhfeidhm. Is é an euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na Ráitis Airgeadais ainmnithe.

## 2 Deontais Oireachtais

Tá an t-ioncam sonraithe ar bhonn:

- Fáltais airgid tirim ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta;
- Íocaíochtaí a rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta thar ceann an Choimisiúin.

## 3 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Usáideann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais íos-tairseach caipitlithe de € 1,000. Sainítear sócmhainní seasta ag a gcostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ag rátaí a ríomhtar maidir leis an gcostas de gach sócmhainn thar a saolré úsáideach a mheastar a bheith aige ar bhonn líne díreach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán, Daingneáin agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh | 20% in aghaidh na bliana |

## 4 Cuntas Caipitil

Seasann an cuntas caipitil don mhéid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach agus luach na sócmhainní a aistríodh chuig an gCoimisiún.

## 5 Pinsin

Feidhmíonn an Coimisiún scéim pinsean sochair sainmhínithe neamh-ranníocach d'Oifigeach amháin, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó airgead a chuirtear ar fáil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin leasa pinsin tuillte sa tréimhse. Aithnítear méid atá cothrom leis an muirear pinsean mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsean a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inaisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Seasann dliteanais phinsean do luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí a tuilleadh go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha na bpinsean don sócmhainn chomhfhreagrach atá le bheith aisghafa sa todhchaí ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## 6 Stoic

Níl aon ghlanluach inréadaithe ag baint le stoic fhoilseacháin agus pháipéarachais agus ní ghlactar leo mar shócmhainní.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

| | Nótaí | € | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | |
| Deontais Oireachtais | 1 | | 4,054,962 | 4,597,572 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean | 5(a) | | 147,000 | 142,000 |
| | | | 4,201,962 | 4,739,572 |
| Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil | 2 | | 19,966 | 40,628 |
| | | | 4,221,928 | 4,780,200 |
| **Caiteachas** | | | | |
| Tuarastail agus costais ghaolmhara | 3 | 3,217,525 | | 3,629,832 |
| Taisteal agus cothú | | 219,955 | | 261,543 |
| Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin | 6 | 80,370 | | 92,340 |
| Cíos ar sheomraí cruinnithe | | 73,371 | | 99,995 |
| Páipéarachas agus soláthairtí oifige | | 32,745 | | 41,641 |
| Postas, iompar agus teileafón | | 138,312 | | 127,172 |
| Siamsaíocht agus Lónadóireacht | | 13,824 | | 3,936 |
| Taighde | | 35,962 | | - |
| Fóntais agus Cothabháil Oifige | | 187,615 | | 178,659 |
| Táille iniúchta | | 8,200 | | 8,225 |
| Táillí comhairliúcháin agus gairmiúla | | 44,467 | | 50,653 |
| Ilghnéitheach | | 38,155 | | 33,301 |
| Clódóireacht | | 5,927 | | 12,989 |
| Oiliúint | | 4,733 | | 20,301 |
| Costais phinsin | 5(a) | 147,000 | | 142,000 |
| Athchóiriú | | - | | 23,412 |
| Dímheas | | 46,169 | | 62,975 |
| Caillteanas ar dhíolachán sócmhainní seasta | | - | | - |
| | | | 4,294,330 | 4,788,974 |
| **Easnamh don bhliain** | | | (72,402) | (8,774) |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 84,127 | 92,901 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | | 11,725 | 84,127 |

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.
Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir leis na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí 15.

Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 10 Iúil 2014*

Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
*Dáta: 10 Iúil 2014*

# Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**


| | Nóta | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | | (72,402) | (8,774) |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsin | | 307,000 | 52,000 |
| Athruithe ar an mbonn tuisceana atá taobh thiar de luach reatha dliteanas scéime pinsin | | - | - |
| **Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin** | | 307,000 | 52,000 |
| **Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha** | 5(e) | (307,000) | (52,000) |
| **Caillteanas aitheanta iomlán don bhliain** | | (72,402) | (8,774) |

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir leis na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 10 Iúil 2014*



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
*Dáta: 10 Iúil 2014*

# Clár Comhordaithe

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

| | Nótaí | € | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 9 | | 112,247 | 132,213 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 10 | 108,826 | | 107,633 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 11 | 18,515 | | 74,151 |
| | | 127,341 | | 181,784 |
| **Dliteanais reatha** | | | | |
| Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 12 | 115,617 | | 97,658 |
| | | 115,617 | | 97,658 |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | | | 11,724 | 84,126 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsean** | | | 123,971 | 216,339 |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | 5(d) | | 1,310,000 | 1,470,000 |
| Dliteanais phinsin | 5(b) | | (1,310,000) | (1,470,000) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | | 123,971 | 216,339 |
| **Ionadaithe ag:** | | | | |
| Cuntas Caipitil | 2 | | 112,246 | 132,212 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 11,725 | 84,127 |
| | | | 123,971 | 216,339 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir leis na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí 15.

Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
*Dáta: 10 Iúil 2014*

Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
*Dáta: 10 Iúil 2014*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

## 1 Deontais Oireachtais

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Thug An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maoiniú deontais i leith na bliana mar seo a leanas: | | |
| Íoctha leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais | 750,000 | 889,000 |
| Íoctha díreach ag an Roinn | 3,304,962 | 3,708,572 |
| | 4,054,962 | 4,597,572 |

## 2 Cuntas Caipitil

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | 132,212 | 172,840 |
| **Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | |
| Ioncam curtha le ceannacháin Sócmhainní Seasta | 26,203 | 22,347 |
| Glanluach leabhar na sócmhainní a diúscaradh | - | - |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas | (46,169) | (62,975) |
| | (19,966) | (40,628) |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig | 112,246 | 132,212 |

## 3 Tuarastail agus Costais Ghaolmhara

Tá na baill foirne go léir, seachas an Phríomhfheidhmeannach agus na 12 Coimisinéir um Chearta, ina Státseirbhísigh arna gceapadh don Choimisiún ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

San áireamh sa mhuirear de €3,217,525 (2012: €3,629,832) tá táillí de €858,644 (2012: €1,076,245) is iníoctha leis an 13 Coimisinéir um Chearta.

B'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe ag an 31 Nollaig 2013 agus 45 (2012: 47) le costas tuarastail de €2,358,881 (2012: €2,553,587).

## 4 Príomhfheidhmeannach

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €161,948 (2012: €168,000). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais i rith na bliana. Fuair an Príomhfheidhmeannach suim de €10,965 (2012: €12,322) i leith taistil agus cothaithe. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamlárach aoisliúntais le sochar sainithe den earnáil phoiblí.

## 5 Pinsean

### (a) Anailís ar na costais phinsean iomlána a gearrtar ar Chaiteachas

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais seirbhíse reatha | 66,000 | 66,000 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean | 81,000 | 76,000 |
| Muirear pinsin sa bhliain | 147,000 | 142,000 |

**(b) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin i rith na bliana airgeadais**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir | 1,470,000 | 1,380,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 66,000 | 66,000 |
| Costas úis | 81,000 | 76,000 |
| Gnóthachan achtúireach | (307,000) | (52,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | - | - |
| Glandliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig | 1,310,000 | 1,470,000 |

**(c) Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin**

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin a aithníodh in Ioncam agus Caiteachas:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha | 147,000 | 142,000 |
| Deontas Stáit feidhmithe chun pinsinéirí a íoc | 0 | 0 |
| | 147,000 | 142,000 |

**(d) Maoiniú iarchurtha do phinsin**

Aithníonn an Coimisiún na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhmhaoinithe do phinsean ar bhonn thacair na mbonn tuisceana atá sainmhínithe thuas agus roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. I measc na n-imeachtaí sin tá an bunús reachtúil le bunú na scéimeanna pinsin, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear próiseas na meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an maoiniú seo de suimeanna dá leithéid a chomhlíonadh i gcomhréir le cleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha don phinsean amhail 31 Nollaig 2013 agus €1,310,000 (2012: €1,470,000).

**(e) Stair na n-oibleagáidí sochair sainithe**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Oibleagáidí sochair shainithe | 1,310,000 | 1,470,000 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime: | | |
| Méid | (307,000) | (52,000) |
| Céatadán de dhliteanais scéime | (23%) | (4%) |
| Is ionann an caillteanas achtúireach carnach aitheanta sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán agus €587,000 | | |

**(f) Cur síos ginearálta ar an scéim**

Is éard atá sa scéim pinsin ná socrú pinsin de shochar sainithe tuarastail le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin scéime den "mhúnla" na hearnála poiblí. Bhí an luacháil a úsáideadh do nochtadh FRS17 (Leasaithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ar 15 Márta, 2014, ag cur san áireamh riachtanais an FRS chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ar 31 Nollaig 2013.

# Nótaí leis an Ráiteas Airgeadais (ar lean)

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha mar seo a leanas:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 4% | 4% |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | 4% | 4% |
| Ráta lascaine | 5.5% | 5.5% |
| Ráta boilscithe | 2% | 2% |
| Meánionchas saoil: | | |
| Fear 65 bliain d'aois | 22 | 22 |
| Bean 65 bliain d'aois | 25 | 25 |

## 6 Taillí Chomhaltaí an Choimisiúin

Is mar seo a leanas atá na táillí bliantúla iníoctha le Comhaltaí an Choimisiúin:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |
| Ghnáthchomhaltaí | 59,850 | 71,820 |
| | 80,370 | 92,340 |

## 7 Liosta Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin

| | Fees 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Breege O'Donoghue (Cathaoirleach) | 20,520 | 20,520 |
| Gerard Barry | 5,985 | 11,970 |
| Iarla Duffy | 5,985 | 11,970 |
| Brendan McGinty | 11,970 | 11,970 |
| John Hennessy | 11,970 | 11,970 |
| Peter McLoone | 11,970 | 11,970 |
| Fergus Whelan | 11,970 | 11,970 |

An méid a íocadh le Comhaltaí an Choimisiúin in 2010 i leith:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Speansais mhíleáiste | 1,465 | 3,223 |
| Speansais chothaithe | 545 | 1,232 |
| Iomlán a íocadh | 2,010 | 4,455 |

## 8 Cíos agus Rátaí

Feidhmíonn an Coimisiún ó oifigí atá curtha ar fáil ar bhonn cíosa saor in aisce ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

.

# Nótaí leis an Ráiteas Airgeadais (ar lean)

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

## 9 Sócmhainní Seasta

| | Troscán, Daingneáin agus Feistis | Trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** | **€** |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 455,288 | 584,499 | 1,039,787 |
| Breiseanna sa Bhliain | - | 26,203 | 26,203 |
| Diúscairtí sa Bhliain | - | (9,129) | (9,129) |
| Amhail 31 Nollaig 2013 | 455,288 | 601,573 | 1,056,861 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 356,817 | 550,757 | 907,574 |
| Muirear don Bhliain | 19,425 | 26,744 | 46,169 |
| Dímheas ar Dhiúscairtí | - | (9,129) | (9,129) |
| Amhail 31 Nollaig 2013 | 376,242 | 568,372 | 944,614 |
| **Glanluachanna leabhair** | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2013 | 79,046 | 33,201 | 112,247 |
| Amhail 31 Nollaig 2012 | 98,471 | 33,742 | 132,213 |

## 10 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe | 10,038 | 13 |
| Réamhíocaíochtaí | 20,770 | 29,602 |
| OPW | 78,018 | 78,018 |
| | 108,826 | 107,633 |

## 11 Banc agus Airgead Tirim

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntas reatha | 17,035 | 72,583 |
| Cuntas taisce | 1,333 | 1,333 |
| Mionairgead | 147 | 235 |
| | 18,515 | 74,151 |

## 12 Creidiúnaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Méideanna fabhraithe | 99,172 | 89,433 |
| Táille iniúchta | 16,445 | 8,225 |
| | 115,617 | 97,658 |

# Nótaí leis an Ráiteas Airgeadais (ar lean)

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

## 13 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais atá faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar, agus Nuálaíochta. Fuair an Coimisiún cúnamh deontais ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus, de bharr idirbhearta ábhartha éagsúla, breathnaítear ar an Roinn seo mar pháirtí gaolmhar.

Ghlac an Bord nósanna imeachta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit maidir leis an nochtadh suime ag comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain.

Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon suim tairbheach ag comhaltaí an Bhoird.

## 14 Gnóthas Leantach

D'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mí Iúil 2011 gur theastaigh uaidh oibriú chóras Chearta Fostaíochta agus Chaidreamh Oibreachais (ERIR) an Stáit athchóiriú. Is é an t-athchóiriú atá molta ná an cúig chomhlacht Stáit um chearta fostaíochta a shruthlíniú: an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT), an Binse Comhionannais agus an Chúirt Oibreachais.

Is é an aidhm atá ag an Aire ná deireadh a chur le hoibriú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais mar chomhlacht reachtúil neamhspleách lena n-áirítear ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus a fhreagrachtaí reachtacha mar Oifigeach Cuntasaíochta trí Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre nua-chomhdhéanta a bhunú.

Tá an reachtaíocht á dréachtú faoi láthair agus tá sí forbartha go maith. Tá tús áite á thabhairt don reachtaíocht ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte. Tá an tAire tiomanta don reachtaíocht a fhoilsiú agus a achtú go luath, d'fhonn na struchtúir mholta nua a bheith socraithe le linn 2014.

Ós rud é go ndéanfar feidhmeanna, oibrithe, foireann, sócmhainní agus dliteanais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre nua ar bhonn gnóthais leantaigh, is iomchuí go n-ullmhófaí na cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 15 Stádas na Ráiteas Airgeadais

Is Ráitis Airgeadais neamhiniúchta iad seo. .

## 16 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 10 Iúil 2014 .



An Coimisiún um Chairdreamh Oibreachais
Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, Éire

T. +353 1 6136700 F. +353 1 6136701
info@lrc.ie www.lrc.ie
www.workplacerelations.ie

Gréas ag www.paulmartin.ie Aistriúchán ag www.infomarex.com